


# In Ord agus In Eagar

## Treoir don mhúinteoir le leabhair Ghaeilge a roghnú

Dr Jacqueline de Brún

Dr Róisín Ní Mhulláin

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Buíochas


Is mian le COGG buíochas a ghabháil leis na scoileanna, leis na páistí agus leis na múinteoirí a bhí páirteach sa tionscadal;

1. Scoil Naithí, Co. Bhaile Átha Cliath.
2. Gaelscoil Sliabh Rua, Co. Bhaile Átha Cliath.
3. Gaelscoil Choláiste Mhuire, Co. Bhaile Átha Cliath.
4. Gaelscoil Inse Chór, Co. Bhaile Átha Cliath.
5. Gaelscoil Chill Dara, Co. Chill Dara.
6. Scoil Uí Ghramhnaigh, Ráth Cairn, Co. na Mí.
7. Scoil na bhForbacha, Co. na Gaillimhe.
8. Scoil na Maighdine Muire gan Smál, Camus, Co. na Gaillimhe.
9. Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh, Acaill, Co. Mhaigh Eo.
10. Scoil Rónáin, Árainn, Co. na Gaillimhe.
11. Gaelscoil Ghleann Darach, Co. Antroma.
12. Gaelscoil Cholmcille Doire, Co. Dhoire.
13. Scoil Náisiúnta Thóin Ré Gaoith, Acaill, Co. Mhaigh Eo.
14. Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Inis, Co. an Chláir.


An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí
Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú

Fóram Feasa
Múinteoirí ag tacú le múinteoirí eile

# Clár


In Ord agus in Eagar 4

Réasúnaíocht 5

Cad é is féidir linn a dhéanamh? 7

Na Leabhair 11

- Dogman 12
- Fabhalscéalta Aesóip 13
- Robó-Mhadra 15
- Tá mé ag fás: Ápaí 16
- Labhraidh Loingseach 17
- Criú Nua ar Bord 18
- Fionn mac Cumhaill 19
- Bran agus Sceolán 20
- Inis Mara 21
- Dochreidthe! 22
- Bleachtairí Beaga Bhaile Átha Cliath 23
- An Cúigear Cróga: Tá Gruaig George Rófhada 25
- Ar Strae 26
- Cuileog, Scéal Chiaráin Uí Mhianáin 27
- An Mac Tíre Deireanach 28
- Pádraigín Phléascach, Raic agus Ribíní 29
- Mistéir an Mary Celeste 30
- Scéilíní Scanrúla 31
- An Fhoraois Bháistí 32
- Art Abú 33
- Asterix 34

# In Ord agus in Eagar

An Dr Jacqueline de Brún

## An tionscadal

Is doirse iad leabhair a osclaíonn ar dhomhain eile, ar shaolta eile agus ar ghlórtha eile agus, mar aon leis sin uile, cuireann siad le réimse leathan foclóra agus le taithí shaibhir na teanga. Bíodh leabhair sna seomraí ranga againn mar chuid lárnach de thuras fhorbairt na Gaeilge.

Le tacú le cur chun cinn éifeachtach na léitheoireachta, tá leabhair, úrscéalta, greannáin agus leabhair neamhfhicsin, leagtha amach in *In Ord agus in Eagar* ar liosta de réir deacrachta. Tá an tionscadal dírithe go príomha ar mhúinteoirí bunscoile sna meán/ardranganna i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna, agus treoir ann ar an dóigh le leabhair chuí a roghnú do rang/grúpa/léitheoir ar leith agus do chomhthéacs ar leith. Beidh sé úsáideach chomh maith do mhúinteoirí i scoileanna meán-Bhéarla, múinteoirí iar-bhunscoile, tuismitheoirí/caomhnóirí agus foilsitheoirí atá ar lorg leabhair oiriúnacha agus eolas ar na leabhair a thaitníonn le daltaí agus na tréithe a dhéanann leabhar sultmhar, dúshlánach nó inléite.

Le heolas a fháil ar na leabhair, cuireadh bailiúchán leabhar chuig meánranganna agus ardranganna bunscoile i scoileanna tumoideachais ar fud na tíre. Bhí 14 scoil páirteach sa tionscadal go dtí seo agus rinne muid iarracht réimse ionadaíoch a roghnú. Bhí scoileanna Gaeltachta, Gaelscoileanna, scoileanna cathracha agus tuaithe, ilranganna agus scoileanna ó réimse de chontaetha Doire, Aontroim, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Dún na nGall agus Co. an Chláir agus eile páirteach. Léigh múinteoirí na leabhair leis na páistí agus thug siad eolas dúinn ar an eispéireas a bhí acu leo. In amanna, léigh níos mó ná aon rang amháin leabhair. Cuireadh an t-eolas ar fad ar fhrámaí, fráma do gach leabhar. Sna frámaí eolais ar gach leabhar a léadh tá;

- achoimre,
- barúlacha/tuiscint na bpáistí,
- cur síos ar éifeachtacht na léaráidí,
- cur síos ar an Ghaeilge,
- líon leathanach,
- líon línte téacs ar leathanaigh,
- líon focal ar leathanaigh,
- abairtí samplacha,
- rang inmholta,
- comhthéacs léitheoireachta inmholta,
- straitéisí inmholta le foclóir/gramadach a shealbhú agus
- moltaí leis an leabhar a léamh go héifeachtach.



Is in ord deacrachta agus sna ranganna inar triaileadh iad atá na leabhair liostáilte ar an phríomhleathanach. Ansin, is féidir na mionsonraí a fháil ar na leabhair atá curtha in ord agus in eagar go dtí seo, trí dhul chuig an leathanach cuí, nó ar líne, trí chliceáil ar theideal leabhair.

Tá an tionscadal seo bunaithe ar thaighde dochtúireachta (de Brún, 2022) ina ndearnadh leibhéalú ar théacsanna le measúnú a dhéanamh ar an léitheoireacht sna hardranganna i gcás-staidéar i scoileanna tumoideachais, agus tá na tréithe téacsúla agus na gnéithe léitheoireachta a leagtar síos sa leabhrán seo bunaithe air sin.

Is tionscadal leanúnach é seo agus cuirfear níos mó leabhar ar an liosta de réir mar a léifear iad sna ranganna. Is féidir an t-eolas seo a fháil ar líne ag https://tairseachcogg.ie.

Is iad An Dr. Jacqueliune de Brún (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath) agus an Dr. Róisín Ní Mhulláin (COGG) a thug faoin tionscadal seo. Táimid an-bhuíoch de na scoileanna, de na múinteoirí agus de na páistí a léigh na leabhair go díograiseach dúthrachtach agus a roinn a gcuid scéalta linn go fonnmhar.

# Réasúnaíocht

Tá réimse an-mhaith téacsanna Gaeilge ar fáil do léitheoirí óga, ach tá deacrachtaí agus dúshláin ann fós a bhaineann leis an léitheoireacht a spreagadh i mionteanga. Bíonn dúshláin le soláthar, le poiblíocht agus le hinspreagadh.

Is léitheoirí dara teanga iad an chuid is mó de pháistí a léann leabhair Ghaeilge agus tá meascán de chumais léitheoireachta i scoileanna tumoideachais; scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna. Go minic, ní hionann an leibhéal teanga a bhíonn ag léitheoirí óga na Gaeilge agus an leibhéal suime a bhíonn acu in ábhar na léitheoireachta. Fágann sé sin go mbíonn sé casta ag múinteoirí leabhair oiriúnacha a roghnú le freastal ar an réimse leathan léitheoirí a bhíonn sna ranganna acu.

Chomh maith le freastal ar réimse cumais sa léitheoireacht is gá téacsanna oiriúnacha a chur ar fáil do chomhthéacsanna éagsúla léitheoireachta. Ní hionann téacsanna atá oiriúnach don léitheoireacht faoi threoir agus téacsanna a léitear go neamhspleách. Tugann *In Ord agus in Eagar* treoir maidir le téacsanna cuí a roghnú do chomhthéacs/rang/grúpa ar leith.

## Leibhéal leabhar agus comhthéacsanna léitheoireachta

Ba chóir go mbeadh taithí ag léitheoirí óga ar réimse de chomhthéacsanna léitheoireachta ar bhonn rialta.

**(1) Sa léitheoireacht ranga**, léitear leabhair os ard go hidirghníomhach don léitheoireacht i gcomhpháirt. Go minic, bíonn an léitheoireacht seo faoi stiúir an mhúinteora agus mar rang iomlán. Is mar eiseamláir léitheoireachta agus don fhorbairt teanga a léitear. Bíonn teanga na leabhar seo ag leibhéal dúshlánach agus an múinteoir ag treorú agus ag teagasc.

Agus/Nó

**(2) Sa léitheoireacht ghrúpa**, bíonn an léitheoireacht treoraithe agus dírithe agus bíonn sprioc faoi leith ann maidir le scil/straitéis léitheoireachta. Cuireann an múinteoir tús le treoir agus le plé le grúpaí ar a seal. Tugann an múinteoir scafall agus fágann sí/sé an grúpa ag idirghníomhú, ag léamh mar ghrúpa nó ag déanamh gníomhaíochtaí bunaithe ar an léitheoireacht, agus an múinteoir le grúpa eile. Níl aon ghá le múinteoirí breise. Is féidir leis an mhúinteoir ranga a bheith ag plé le grúpaí ar a seal thar roinnt seisiún. Bíonn teanga na leabhar sin ag leibhéal teagascach agus i zón neasfhorbartha (Vygotsky, 1980) an léitheor, ina mbíonn rud beag de dhúshlán ach gan barraíocht. Ba chóir go mbeadh na páistí ag dul i dtreo an neamhspleáchais.

Agus/Nó

**(3) Sa léitheoireacht neamhspleách**, léann páistí téacsanna atá roghnaithe acu féin nó ag an mhúinteoir. Ba chóir go mbeadh fáil acu ar an teanga sna leabhair seo agus gan mórán de dhúshlán ann. Is féidir leis na páistí téacsanna a léamh atá léite roimhe, don léitheoireacht faoi threoir nó i ranganna eile, agus iad a athléamh le sprioc eile. Is deis é seo na scileanna agus na straitéisí léitheoireachta a chleachtadh agus a dhaingniú. Go minic, léann páistí na leabhair seo don phléisiúr agus don phlé agus níl aon ghá le leabhair oibre ná na gníomhaíochtaí i ndiaidh gach seisiúin léitheoireachta.

Agus an t-ábhar cuí ar fáil, bíonn deiseanna ag léitheoirí óga scileanna a d'fhorbair siad sa léitheoireacht i gcomhpháirt agus sa léitheoireacht faoi threoir a chleachtadh sa léitheoireacht neamhspleách. Ach má bhíonn barraíocht dúshlán sna téacsanna, caillfidh siad inspreagadh agus rannpháirtíocht agus suim sa léitheoireacht.

Is féidir an leibhéal téacs a oibriú amach go garbh trí éisteacht le páistí ag léamh agus an líon focal sa téacs a bhíonn dúshlánach dóibh a mheas chomh maith leis an líon a bhíonn siad atá siad in ann a léamh gan stró. Moltar gur chóir go mbeadh léitheoirí in ann 90% ar a laghad de théacs a léamh le tuiscint a bheith acu ach

spás ann le foghlaim. Ag 95% de chruinneas, tá léitheoirí in ann léamh go neamhspleách. Níor chóir dúinn dul thar fóir le céatadáin ach tugann siad barúil agus treoir éigin dúinn. Tabhair faoi deara sa chur síos ar gach leabhar in *In Ord agus in Eagar* gur thug múinteoirí ceatadán garbh ar an líon focal a mheas siad a bhí páistí ag ard-chaighdeán, páistí a bhí go measartha agus páistí a bhí lag i léitheoireacht na Gaeilge in ann a léamh. Léiríonn sé an gá le difreálú agus le cur chuige i dteagasc na léitheoireachta le freastal ar na difríochtaí sin agus nach bhfóireann téacs amháin do gach duine sa rang.

## Tréithe téacsúla a chuireann le dúshláin i dtéacsanna

Cad iad na gnéithe a dhéanann leabhar amháin níos deacra ná leabhar eile do léitheoirí óga Gaeilge?

Má tá difear mór idir foclóir leabhair agus foclóir an léitheora, cuireann sé le castacht an leabhair. Aithnítear ganntanas stór focal mar ghné shuntasach den léitheoireacht le daltaí tumoideachais (Gebauer et al., 2013; Hermanto et al., 2012) agus bíonn tionchar aige sin ar líofacht agus ar thuiscint na léitheoireachta (Perfetti et al., 2010). De réir mar a théann páistí in aois sa bhunscoil, méadaíonn an difear sa bhearna in eolas ar fhocail mura mbíonn aird chuí uirthi (Lervåg & Aukrust, 2010). Uaireanta bíonn téacsanna dúshlánach mar gheall ar an chomhréir, go háirithe do léitheoirí nach cainteoirí dúchais iad. Tá castachtaí eile ann ar nós;

- soiléire na n-abairtí,
- fad na n-abairtí,
- eagrú an téacs,
- réamheolas an léitheora agus
- sprioc léitheoireachta.

Is gá go mbeadh léitheoirí spreagtha agus rannpháirteach agus is minic is féidir na dúshláin eile a shárú go pointe má tá léitheoirí spreagtha ag ábhar an téacs. Bíonn dua sa bhreis ar léitheoirí má tá téacs i gcanúint nach bhfuil acu. Má bhíonn barraíocht dua i gceist cuireann sé leis na dúshláin léitheoireachta.

## An Ghaeilge, caighdeán agus canúintí

Agus na leabhair á gcur in ord deacrachta, déanfaidh canúint nó caighdeán difear do na léitheoirí atá á léamh. Mar a tharlaíonn sé, leis na leabhar a léadh go dtí seo, níor chuir an Ghaeilge, caighdeán ná canúint, isteach ar na léitheoirí go mór. Bhí rogha na leabhar féin caighdeánach den chuid is mó, ach bhí samplaí ann de leabhair ó *An tÁisaonad* a léadh i gConamara agus leabhair ó *Futa Fata* a léadh i nDoire. D'aithin na múinteoirí agus na páistí a léigh na leabhair a fuair siad go raibh rud beag de dhúshlán ann nuair a bhí canúint eile i gceist, ach ní an oiread sin gur chuir sé isteach ar an tuiscint ghinearálta. D'aithin siad chomh maith an tábhacht le feasacht ar chanúintí agus ar an chaighdeán, agus gur cuid den phróiseas léitheoireachta é ag an aoisghrúpa seo tuiscint níos leithne bheith acu ar an Ghaeilge. Ba chuid den phróiseas plé é go minic comparáidí a dhéanamh idir leaganacha difriúla, ag cur le feasacht teanga agus le heolas meiteachognaíoch na bpáistí. Sa chás go mbeadh difear mór le sonrú i dtuiscint na léitheoirí mar gheall ar chúrsaí Gaeilge cuirfimid leabhair ar an liosta *In Ord agus in Eagar* in áiteanna difriúla agus beidh na téacsanna sin aibhsithe. Is féidir le múinteoirí a rogha féin a dhéanamh orthu sin.

## Scil agus toil

Téann máistreacht léitheoirí ar an teanga i bhfeidhm ar an inspreagadh sa léitheoireacht. Má bhíonn easpa inniúlachta acu ar an teanga beidh dúshlán agus díspreagadh ann agus iad ag léamh. Tá nasc láidir idir inspreagadh agus rannpháirtíocht páistí sa léitheoireacht agus forbairt na scileanna agus a straitéisí léitheoireachta (Afflerbach et al., 2013; Guthrie at al., 2005). Is féidir le teagasc na straitéisí cognaíocha cur go mór le hinspreagadh agus le rannpháirtíocht páistí sa léitheoireacht (Pressley, 2002). Ní leor an léitheoireacht amháin (Pikulski & Chard, 2005). Tá gá le léitheoireacht atá dírithe ar ghnéithe ar leith (Chard et al., 2002).

## Measúnú ar chumas páistí sa léitheoireacht

Tá réimse scileanna agus straitéisí i gceist leis an léitheoireacht agus níos mó arís leis an léitheoireacht thar dhá theanga. Tógann léitheoirí scileanna agus straitéisí sna teangacha ar fad atá acu agus is gá iad sin a

aithint agus a thuiscint. Níl aon triail mheasúnuithe amháin ann a thabharfaidh eolas dúinn ar na léitheoirí sin ach is féidir díriú ar ghnéithe agus ar an fhorbairt a bhíonn ann sna gnéithe thar dhá theanga.

Ní gá measúnú a dhéanamh ar léitheoireacht na bpáistí i ngach ceacht léitheoireachta. Is féidir é a dhéanamh uair sa mhí/uair gach sé seachtaine/gach dara mí, ag brath ar an rang agus ar an dul chun cinn. Is féidir measúnú neamhfhoirmiúil a dhear múinteoirí a dhéanamh;

- taifid reatha,
- nótaí,
- seicliostaí,
- soilse tráchta na scileanna,
- breathnóireacht,
- próifílí,
- triail líofachta.

Is féidir leat éisteacht leis na páistí ag léamh os ard go haonarach nó mar chuid de ghrúpa faoi threoir agus do rogha measúnaithe a chur i bhfeidhm. Aithneoidh tú na láidreachtaí agus na laigí a bhíonn acu. Ansin, is féidir leat laige nó dhó a roghnú agus díriú orthu sin ar feadh seal leis na grúpaí faoi threoir. Sa chéad mheasúnú eile, ba chóir go mbeadh difear le sonrú.

# Cad é is féidir linn a dhéanamh?

## Go ginearálta

Is gá go mbeadh an léitheoireacht ábhartha nó tábhachtach don léitheoir (Guthrie et al., 2005). I gcomhthéacs mionteanga, déan é sin soiléir do na páistí. Mínigh dóibh na cúiseanna a bhfuil léitheoireacht na Gaeilge tábhachtach.

Is féidir le múinteoirí an léitheoireacht a dhéanamh sóisialta sa seomra ranga trí pháistí a chur ag léamh i ngrúpaí beaga le meascán de chleachtas faoi threoir agus comhoibriú mar ghrúpa le fadhbanna a réiteach, tascanna a chur i gcrích agus iad ag cur le scileanna sóisialta, scileanna léitheoireachta agus teanga ó bhéal i rith an ama.

Má fheiceann páistí iad féin ag forbairt sa léitheoireacht, spreagfaidh an fhorbairt sin iad níos mó léitheoireachta a dhéanamh. Dírigh ar aon scil amháin, agus nuair a fheiceann tú feabhas tabhair moladh gach uair a úsáideann an léitheoir é. Cuireann rath le muinín.

Léigh réimse seánraí. Bíonn suimeanna difriúla ag páistí. Beidh siad spreagtha le téacsanna má bhíonn suim acu iontu.

Ní hionann an cur chuige léitheoireachta a bhíonn ann le leabhar ficsin agus leabhar neamhfhicsin a léamh. Ní gá leabhair neamhfhicsin a léamh ó thús go deireadh, is féidir díriú ar chodanna den leabhar.

Luíonn leabhair neamhfhicsin go maith leis an léitheoireacht ghrúpa a spreagann léitheoireacht shóisialta agus plé.

Is féidir nasc a dhéanamh idir an bealach a léann siad leabhar neamhfhcisin le breis léitheoireachta ar líne.

Ullmhaíonn téacsanna neamhfhicsin léitheoirí don léitheoireacht idirdhisciplíneach agus don léitheoireacht iar-bhunscoile.

Ní gá go mbeadh leabhar oibre agat! Bain úsáid as an leabhar atá á léamh. Tá na freagraí sa téacs féin! Beidh siad ag léamh agus ag athléamh agus spriocanna difriúla acu gach uair. Iarr ar pháistí gníomhaíochtaí a dhéanamh leis an leabhar ar nós;

- patrúin litrithe a aimsiú,
- fóinéimí/fónaic a aimsiú,
- codanna d'fhocail (moirféimí) a liostú agus a rangú,
- patrúin ghramadaí a aimsiú agus a rangú,
- samplaí d'úsáid na poncaíochta a fhiosrú.

Is gá inniúlachtaí difriúla a chur san áireamh sa teagasc agus i rogha na dtéacsanna. Is féidir freastal ar inniúlachtaí difriúla le léitheoireacht ghrúpa atá dírithe ar scil/straitéis faoi leith ag leibhéal oiriúnach agus le leabhar oiriúnach.

Is maith an rud é réimse canúintí a chur roimh léitheoirí óga na Gaeilge. Beidh faill acu ar réimse níos leithne leabhar a chuirfidh lena gcuid eolais ar an teanga. Ach má tá barraíocht dua orthu agus difríochtaí rómhóra sna leabhair, caillfidh siad suim.

## Focail, focail, focail!

Cuirtear le foclóir agus le teanga nua nuair a bhíonn téacsanna ardchaighdeáin in úsáid. Ach ní bhíonn na scileanna meiteachognaíocha ag gach páiste le focail a fhoghlaim i gcomhthéacs. Múin straitéisí do na páistí le tacú leo foclóir a thuiscint agus a fhoghlaim trí straitéisí a theagasc dóibh.

Is féidir tacú le léitheoirí foclóir nua a fhoghlaim sa téacs má tá na téacsanna suimiúil, má tá aird ar fhoclóir sa téacs féin agus má tá athrá ar fhoclóir nua i gcomhthéacsanna difriúla.

Déan cinnte nach bhfuil barraíocht focail nua i dtéacs. Tá níos mó seans ann go mbeidh páistí in ann focail nua a fhoghlaim sa léitheoireacht má tá an chuid is mó de na focail sa téacs ar eolas acu agus níos lú seans ann má tá barraíocht focail nua ann (Snell et al., 2015).

Ní gá gach aon fhocal sa téacs a thuiscint. Go minic is féidir achoimre a dhéanamh gan gach focal a mhíniú. Is scil ar leith é a bheith in ann díriú ar na focail sin atá ag cur bac le tuiscint amháin. Cuidigh leis na páistí an scil sin a fhorbairt.

Tugann gluaiseanna tacaíocht le forbairt stór focal mar straitéis amháin i measc réimse straitéisí. Déan gníomhaíochtaí agus athchleachtadh go leanúnach le foclóir nua a choinneáil i gcuimhne go fadtréimhseach (Webb & Nation, 2017). In amanna, má bhíonn an míniú i nGaeilge, bíonn an míniú casta agus bíonn dua sa bhreis ar an léitheoir é a thuiscint.

Cuidigh leis na páistí a ngluais féin a scríobh leis na focail sa téacs a chuir bac lena dtuiscint. Tacaigh leo é seo a dhéanamh pearsanta.

Tacaigh le straitéisí díchódaithe a úsáid le focail nua a oibriú amach. Dírigh aird ar fhóinéimí agus ar mhoirféimí (codanna d'fhocail) le focail a léamh agus a thuiscint.

Tabhair deiseanna do na páistí dul i dtaithí ar na focail chéanna arís agus arís eile i gcomhthéacsanna difriúla. Daingníonn an taithí seo eolas ar fhocail mar go bhfeiceann na páistí go minic iad.

## Abairtí fada, athléamh agus líofacht

Is minic a bhíonn abairtí fada i dtéacsanna Gaeilge. Tacaigh leis na páistí straitéisí a úsáid le habairtí fada a léamh trí dhíriú ar nascfhocail agus ar abairtí a bhriseadh ina gcodanna. Cuidíonn athléamh abairtí leis an tuiscint.

Cuidíonn an t-athléamh go mór le cleachtadh na líofachta (a chuidíonn leis an léitheoireacht chiúin). Cuidíonn sé chomh maith leis an phrosóid agus leis an tuiscint (Rasinski, 2014). Is féidir iarraidh ar pháistí téacs a athléamh go neamhspleách agus sprioc ar intinn, amhail taifeadadh nó taispeántas. Is féidir grúpa a chur ag athléamh agus alt/sliocht an duine acu.

## Straitéisí tuisceana

Is ionann na straitéisí tuisceana i nGaeilge agus i mBéarla. Pléigh réamheolas roimh léamh, cuir ceisteanna roimh léamh, agus tú ag léamh agus i ndiaidh léamh, déan tuar agus tátal roimh léamh agus tú ag léamh, déan monatóireacht, cruthaigh naisc agus tabhair achoimre ar théacs.

## Gaeilge agus Béarla

Is féidir tacú le léitheoirí trí aird a dhíriú ar na scileanna agus ar na straitéisí a aistríonn siad idir Ghaeilge agus Bhéarla ar nós;

- poncaíocht,
- straitéisí a chuireann le haithint focal agus tógáil na foclóra,
- straitéisí na líofachta,
- straitéisí tuisceana agus struchtúr na seánraí.

Má tá sé acu i dteanga amháin beidh sé acu sa teanga eile, ach caithfidh tú sin a chur ar a súile dóibh!

**Dá mhéad an léitheoireacht is ea is fearr é!**











# Na Leabhair: In Ord agus in Eagar

Tá an liosta leabhar thíos in ord deacrachta. Ar líne, is féidir cliceáil ar gach teideal le níos mó eolais a fháil ar chritéir an leabhair sin. Sa leabhrán, is féidir tiontú chuig an leathanach a bhaineann le gach leabhar. Tá na leabhair curtha in ord deacrachta de réir na gcritéar atá leagtha amach ar an leathanach eolais ar gach leabhar agus de réir na dtrialacha a rinneadh sna seomraí ranga.

Tá ranganna luaite inar léadh na leabhair, agus in amanna bhí níos mó na rang amháin i gceist. Ní hionann na léitheoirí i ngach rang, mar sin, tá sé tábhachtach leabhair a roghnú a oireann don ghrúpa agus don chomhthéacs léitheoireachta. Tá briseadh síos ar na leathanaigh eolais ar na céatadáin focal a léigh páistí ag barr, lár agus bun na ranganna agus ar an chomhthéacs léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar a léadh. Tá eolas ar chomhthéacsanna léitheoireachta san intreoir.

| TEIDEAL | FOILSITHEOIR | SEÁNRA | LÉITE AG RANG ... |
|---|---|---|---|
| **Dogman** | Futa Fata | Insint / Greannán | Lár R3 (D) / R5 (T) |
| **Fabhalscéalta Aesóip** | An Gúm | Insint | Tús R3 (D) / R5 (T)<br>Tús R4 (D) / R6 (T) |
| **Róbó-Mhadra** | Leabhar Breac | Insint | Lár R3 (D) / R5 (T) |
| **Tá mé ag fás - Ápaí** | Futa Fata | Tuairisc eolais | Lár R3 (D) / R5 (T)<br>Lár R4 (D) / R6 (T) |
| **Labhraidh Loinseach** | An Gúm | Insint | Tús R4 (D) / R 6 (T) |
| **Criú Nua ar Bord** | Futa Fata | Insint | Tús R3 (D) / R5 (T) |
| **Fionn mac Cumhaill** | An Gúm | Insint | Deireadh R4 (D) / R6 (T) |
| **Bran agus Sceolán** | An Gúm | Insint | Lár R3 (D) / R5 (T)<br>Tús R5 (D) / R7 (T) |
| **Inis Mara** | Leabhair Comhar | Insint | Lár R4 (D) / R6 (T)<br>Tús R5 (D) / R7 (T) |
| **Dochreidthe!** | Futa Fata | Insint | Lár R3 (D) / R5 (T)<br>Tús R6 D) / R7 (T) |
| **Bleachtairí Beaga Bhaile Átha Cliath** | An Gúm | Insint (gearrscéalta) | Lár 3 (D) / R5 (T) |
| **An Cúigear Cróga :<br>Tá Gruaig George Rófhada** | Cló Iar-Chonnacht | Ficsean | Rang 6 (T) / Rang 4 (D) go<br>Rang 7 (T) / Rang 6 (D) |
| **Ar Strae** | Futa Fata | Insint | Deireadh R3 (D) / R5 (T) |
| **Cuileog – Scéal Chiaráin Uí Mianáin** | Futa Fata | Insint | Deireadh R3 (D) / R5 (T)<br>Lár R4 (D) / R6 (T) |
| **An Mac Tíre Deireanach** | Futa Fata | Insint | Deireadh R3 (D) / R5 (T)<br>Tús R6 (D) / R7 (T) |
| **Paidrigín Phléascach Raic & Ribíní** | An Gúm | Insint | Lár R4 (D) / R6 (T)<br>Tús R6 (D) / R7 (T) |
| **Mistéir an Mary Celeste** | An tÁisaonad | Tuairisc eolais staire | Lár R4 (D) / R6 (T)<br>Lár R5 (D) / R7 (T) |
| **Scéilíní Scanrúla** | Éabhlóid | Insint | Tús R5 (D) / R7 (T) |
| **An Fhoraois Bháistí** | An tÁisaonad | Tuairisc eolais | Deireadh R4 (D) / R6 (T)<br>Deireadh R6 (D) / R7 (T) |
| **Art Abú** | Dalen Éireann | Insint / Greannán | Deireadh R5 (D) / R7 (T)<br>Deireadh R6 (D) / R7 (T)<br>Molta d'Iarbhunscoil |
| **Asterix** | Dalen Éireann | Insint / Greannán | Tús R6 (T) / R7 (T)<br>Molta d'Iarbhunscoil |

**TEIDEAL** Dogman (Le Dav Pilkey)

**ÚDAR** Leagan Gaeilge le
Máirín Ní Mhárta

**FOILSITHEOIR** Futa Fata

**SEÁNRA** Insint/Greannán

**MOLTA DO RANG**
Lár R3 (D), lár R5 (T)




**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Aistriúchán ar Dogman an Bhéarla, greannán agus 4 chaibidil ann. Tá eachtra nua i ngach caibidil. Cloigeann madra ar chorp gharda is ea Dogman, agus cumhachtaí iontacha aige sna heachtraí difriúla. Ar ndóigh, bíonn an lámh in uachtar ag Dogman i ngach eachtra. Treoracha ag an gcúl conas greannán a tharraingt, plé ar mhothúcháin na gcarachtar.

| | |
|---|---|
| Líon leathanach | 231 |
| Líon focal ar gach leathanach (ar an meán) | 30 |
| Líon línte téacs ar gach leathanach | Bolgáin chainte x 6 (thart ar 6 fhocal sa bholgán) |
| Líon focal in abairt fhada shamplach | 12 |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh) | 95% |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamhspleáchais in ann a léamh (go garbh) | 90% |
| Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh) | 75% |

### Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Greannán le meascán de théacs agus de bholgáin chainte, clónna difriúla, cló trom, mór, daite, ceannlitreacha. Tá 5-6 phainéal ar gach leathanach. Tá 4 chaibidil ann atá fada go leor ach níl mórán téacs ar na leathanaigh. Cló peannaireachta, amhail is go bhfuil sé lámhscríofa. Tá struchtúr cinnte leis na scéalta; tús, lár, deireadh (cur síos, fadhb, réiteach).

### Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)
Caighdeán, oiriúnach do pháistí le Gaeilge Chonnacht sna trialacha.

### Léaráidí (cur síos)
Léaráidí daite ar gach leathanach a chabhraíonn le tuiscint agus atá an-ghreannmhar.

### Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Oiriúnach don léitheoireacht neamhspleách. Is féidir é a léamh le grúpa beag faoi threoir má tá tacaíocht de dhíth ar na léitheoirí. Ansin is féidir leo é a athléamh le sprioc ar leith go neamhspleách.

### Barúil na bpáistí
Thaitin sé leis na páistí. Bhí siad an-tógtha leis. Bhí an t-aoisghrúpa seo in ann é a léamh go neamhspleách den chuid is mó.


### Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Bhí tuiscint ghinearálta ag na páistí. Bhí focail anseo is ansiúd nár thuig siad, bhí tacaíocht ann sna pictiúir.

### Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
*Damnú!!! Chruthaigh mé an garda is fearr ar domhan!!*
*Seachain thú féin thart anseo a mhac!*

### Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Tá an teanga soiléir agus gonta agus tá na habairtí gearr den chuid is mó. Is féidir buille faoi thuairim a thabhairt faoi na focail i gcomhthéacs na habairte agus na léaráidí. Tá athrá ann ar fhrásaí agus ar fhocail. Tá neart fuaimfhocal ann, is féidir díriú ar fhuaimeanna/litriú na bhfuaimeanna, m.sh. Háá, cling, úúú-la-laaa, fuíí, tíí híí híí, bhuf, srl.

### Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/ mí-oiriúnach don rang seo?
Tá meascán de bhriathra ann, an tráchtaireacht san aimsir chaite, an chaint san aimsir láithreach agus go leor san aimsir fháistineach faoi na rudaí a dhéanfaidh siad. Baintear úsáid as an tuiseal gairmeach le hainmeacha na gcarachtar, m.sh. A Pháidí, a Mhicí. Baintear úsáid as réimse leathan poncaíochta.

### Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Is féidir é a léamh don sult.
- Is féidir é a léamh le grúpa agus gníomhaíochtaí a bhunú air.
- Luíonn sé go maith le tuar agus tátal a dhéanamh ag tús gach scéil.
- Is féidir iarraidh ar na páistí críoch eile a chur le ceann de na scéalta le painéil nua, pictiúir agus bolgáin chainte.
- Is féidir iarraidh orthu carachtair nua a chruthú agus a tharraingt agus próifílí carachtar a dhéanamh.
- Is féidir díriú ar na gníomhaíochtaí ar chúl an leabhair, treoracha ar phictiúir a tharraingt, treoracha ar mhothúcháin a léiriú go pictiúrtha.




**TEIDEAL** Fabhalscéalta Aesóip

**ÚDAR** Leagan Gaeilge le Liam Mac Cóil

**FOILSITHEOIR** An Gúm

**SEÁNRA** Ficsean/Athinsint

**MOLTA DO RANG**
Tús R3 (D) / Tús R5 (T)
Tús R4 (D) / Tús R6 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Ocht bhfabhalscéal ghairide bunaithe ar ainmhithe. Leagtar béim ar an gceacht atá le foghlaim i bhfoirm seanfhocal ag deireadh gach scéil. Tá míniú ar an gciall atá le fhabhalscéal i réamhrá ag an tús. Iarrtar ar na páistí an ceacht a aimsiú i ngach scéal.

| | |
|---|---|
| **Líon leathanach** | 64 |
| **Líon focal ar gach leathanach (ar an meán)** | 58 |
| **Líon línte téacs ar gach leathanach** | Suas le 14 (bolgáin chainte ann) |
| **Líon focal in abairt fhada shamplach** | 17 (le fochlásail/naisc) |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh)** | R4 100%<br>R3 85% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamhspleáchais in ann a léamh (go garbh)** | R4 98%<br>R3 60% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh)** | R4 95%<br>R3 N/A |

## Tréithe an tseánra/Struchtúr an téacs

Réamhrá agus ocht scéal / gcaibidil a sheasann leo féin. Ní gá an leabhar a léamh in ord faoi leith. Tá struchtúr soiléir i ngach scéal le tús, lár agus deireadh. Tá ceacht i ngach scéal agus seanfhocal mar achoimre ag deireadh gach scéil. Tá clár ag tús an leabhair le scéalta a roghnú. Tá gluais ag an deireadh agus míniú na bhfocal i mBéarla, ach tá an cló an-bheag, níl na focail aibhsithe sa téacs agus níl leathanach ná caibidil luaite leo. Tá bolgáin chainte ar go leor leathanach a úsáideann teanga eile agus a chabhraíonn le tuiscint.

## Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)

Caighdeán. Gaeilge oiriúnach do pháistí R4/5 (R6/7 sa T) agus Gaeilge ar ardchaighdeán acu. Bhí focail ann a bhí dúshlánach, m.sh. gaisce, méanfach, a bhá, osna faoisimh, an chorr bhán, ar sheift. Ach bhí siad ábalta buille faoi thuairim a thabhairt i gcomhthéacs an téacs. Bhí sé dúshlánach do pháistí R5/6 i nDoire (R3/4 sa D) ach chuidigh an ghluais leo.

## Léaráidí (cur síos)

Léaráidí daite ar gach leathanach. Bíonn sé soiléir cén t-ainmhí atá i gceist sa scéal, m.sh. corr bhán / préachán. Léiríonn siad na gníomhaíochtaí sa scéal freisin.

## Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo

Baineadh úsáid as i rang iomlán lena léamh ansin rinne na páistí gníomhaíochtaí i ngrúpaí. Baineadh úsáid as chomh maith le grúpa amháin i rang eile le léitheoirí ar ardchaighdeán agus grúpa ar chaighdeán measartha. Léadh é faoi threoir leis na grúpaí.

## Barúil na bpáistí

Dar leo go raibh na scéalta greannmhar agus gur buntáiste a bhí ann iad a bheith gearr. Cheap siad go raibh na scéalta cliste agus thaitin na teachtaireachtaí leo. Cheap cuid den ghrúpa is sine go raibh sé rópháistiúil dóibh mar leabhar ach thaitin sé leo agus thug sé muinín dóibh.

## Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí

Bhí tuiscint ghinearálta acu. Cé gur cheap cuid acu go raibh an chuma air go raibh sé rópháistiúil mar leabhar, bhí go leor focal nach raibh acu. Chuidigh na léaráidí le cuid de na focail a thuiscint ach cheap cuid acu go raibh na léaráidí rópháistiúil. Bhí siad in ann na caibidlí féin a thuiscint, cé nár thuig siad gach focal. Bhí struchtúr na n-abairtí casta in amanna do R6 (T), R4 (D), rud a chuir isteach ar an líofacht léitheoireachta in amanna.

## Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta

Tá abairtí gearra ann den chuid is mó atá níos fusa a leanúint. Sampla níos casta, m.sh.

> *Bhí luchóg bheag ag brostú abhaile agus min aici le haghaidh béile. Bhí oiread sin deifre uirthi nach bhfaca sí an leon agus rith sí thar a lapa.*

## Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint

Tá an ghluais deacair a úsáid mar thacaíocht agus na páistí ag léamh gan nasc idir í agus an téacs. Ach is féidir léamh tríd an leabhar leis na páistí roimh ré mar réamheolas ionas go mbeidh an foclóir nua acu sula léifidh na páistí é leo féin. Tá neart samplaí d'fhocail ardmhinicíochta agus athrá ann ach níl go leor tacaíochtaí ann do léitheoirí atá ag streachailt. Go leor deiseanna le focail a bhriseadh ina bhfuaimeanna nó ina gcodanna le léamh agus patrúin litrithe a aimsiú agus a rangú.

## Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/mí-oiriúnach don rang seo?

Tá samplaí ann de bhriathra san aimsir chaite, láithreach agus fháistineach. Tá samplaí de sa+séimhiú, mo+séimhiú, mo roimh ghuta, i+urú. Oiriúnach do R5/6 (T), R3/4 (D).

Ar lean →

## Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang

### Roimh léamh

- Is féidir an clúdach, an clár agus an réamhrá a phlé.
- Is féidir nasc a dhéanamh le fabhalscéalta/scéalta eile a bhfuil ceacht le foghlaim iontu.

### Agus iad ag léamh

- Is féidir úsáid a bhaint as straitéisí díchódaithe, eolas ar fhocail, patrúin litrithe, comhréir, leideanna pictiúir.
- Is féidir tacú leis na páistí an ghluais a úsáid agus a léamh go beacht.

### Tar éis léamh

- Is féidir iarraidh ar na páistí achoimre a dhéanamh agus an ceacht atá foghlamtha ón scéal a mhíniú.
- Is féidir nasc a dhéanamh leis an seanfhocal agus seanfhocail eile atá ar eolas.
- Is féidir iarraidh ar na páistí é a athléamh, dráma, seó puipéid nó seicheamh scéil a dhéanamh leis an scéal a athinsint.
- Is féidir díriú ar na briathra sa scéal.
- Is féidir iarraidh ar na páistí bolgáin chainte eile a scríobh le cur leis an scéal.
- Is féidir leis na páistí níos mó eolais a aimsiú ar na hainmhithe éagsúla.
- Is féidir comparáid a dhéanamh idir dhá scéal.
- Is féidir próifílí carachtar a dhéanamh.
- Is féidir úsáid a bhaint as scéal mar eiseamláir le scéal a scríobh, agus úsáid a bhaint as struchtúr tús, lár, deireadh (do Scríobh Leabhar).



**TEIDEAL** Robó-Mhadra

**ÚDAR** Máire Ní Ghallchobhair

**FOILSITHEOIR** Leabhar Breac

**SEÁNRA** Ficsean

**MOLTA DO RANG**
Rang 3 D / Rang 5 T

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Scéal faoi Jeaic agus faoina mhadra Lúlú. Is leabhar amháin i sraith é an leabhar seo. Is eolaí é Jeaic. Tá gadaí sa cheantar agus socraíonn Jeaic go ndéanfaidh sé Róbó-Mhadra ina chosantóir. Bíonn neart fadhbanna ann leis an Róbó-Mhadra agus is é Lúlú an madra cosanta is fearr sa deireadh.

| | |
|---|---|
| Líon leathanach | 32 (níl uimhir leathanaigh ann) |
| Líon focal ar gach leathanach (ar an meán) | 70 |
| Líon línte téacs ar gach leathanach | 10 |
| Líon focal in abairt fhada shamplach | 15 |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh) | 90% |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais in ann a léamh (go garbh) | 85% |
| Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh) | 80% |

### Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Tá tús/lár/deireadh cinnte ann, cur síos/fadhb/réiteach mar a bhíonn sa seánra seo. Tá an scéal san aimsir chaite. Tá plota, carachtair agus réimse poncaíochta ann. Níl caibidlí ann. Níl uimhreacha leathanaigh ann agus tá sé deacair leathanaigh a aimsiú, struchtúr a phlé agus treoir a thabhairt don rang. Tá lipéid agus bolgáin chainte ann a chuidíonn leis an inspreagadh. Tá an téacs briste suas, rud a chuidíonn leis an léitheoireacht.

### Cuir síos ar Ghaeilge an téacs: (canúint nó caighdeán)
Tá sé sa chaighdeán (tréithe Chonnacht). Tá go leor athrá ann ar fhocail agus ar fhrásaí.

### Léaráidí (cur síos)
Tá léaráidí daite ar gach leathanach, rud a chuidíonn go mór le tuiscint. Tá na léaráidí greannmhar agus go leor aicsin le sonrú iontu.

### Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Léadh an leabhar seo le grúpa beag faoi stiúir an mhúinteora. Léigh gach duine ar dtús é go córúil ansin rinne na páistí athléamh i mbeirteanna. Rinne siad gníomhaíochtaí grúpa ansin bunaithe ar an leabhar, rud a thug orthu píosaí a athléamh arís eile.

### Barúil na bpáistí
Bhain na páistí an-sult as. Bhí na heachtraí greannmhar agus chuidigh na léaráidí go mór leis an ngreann agus leis an tuiscint. Chuir siad aithne ar na carachtair.

### Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Bhí an leabhar seo maith don mhuinín, tá sé gairid agus tá paragraif ghearra téacs ann agus thuig an chuid is mó de na páistí an chuid is mó de. Níl sé ródhúshlánach ach tá go leor ann le rud beag foghlama a dhéanamh agus leis na scileanna/straitéisí a chleachtadh.


### Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
> *Bhí Róbó-Mhadra ina sheasamh in airde air agus a chuid fiacla báite aige i láimh an Gharda.*

### Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Níl gluais ná foclóirín ann ach níl gá le ceann don aoisghrúpa seo. Bhí na páistí in ann na focail nár thuig siad a liostú ina liosta pearsanta agus an chiall a aimsiú. San athléamh, bhí tuiscint i bhfad níos fearr acu agus na focail seo ar eolas acu. Is féidir comhfhocail a phlé (Róbó-Mhadra). Is féidir iarraidh ar na páistí samplaí a aimsiú, patrúin litrithe a aimsiú agus focail eile a chumadh (séimhiú ar an dara cuid go minic).

### Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/mí-oiriúnach don rang seo?
Is féidir díriú ar bhriathra, poncaíocht, bolgáin chainte mar chaint dhíreach, ainmfhocail bhaininscneacha/fhirinscneacha. Tá samplaí sa leabhar le cuardach agus le rannóga a dhéanamh le riail a scríobh.

### Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Is féidir tuar agus tátal a dhéanamh roimh an léitheoireacht agus i rith na léitheoireachta trí fhianaise a aimsiú sa téacs.
- Is féidir leis na páistí Róbó eile a dhearadh le lipéid a bhfuil jab ar leith le déanamh aige (dírigh aird ar chomhfhocail don litriú).
- Is féidir an téacs a úsáid do chleachtadh na líofachta, ag athléamh agus ag déanamh ghothaí na gcarachtar.
- Is féidir iarraidh ar na páistí próifíl charachtair a dhéanamh ag baint úsáid as teanga ón leabhar.

**TEIDEAL** Tá mé ag fás: Ápaí
(Lisa Magloff)




**ÚDAR** Leagan Gaeilge le
Tadhg Mac Dhonnagáin

**FOILSITHEOIR** Futa Fata

**SEÁNRA** Neamhfhicsean/Tuairisc

**MOLTA DO RANG**
Lár R3 (D) / R5 (T)
Lár R4 (D) / R6 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Tá eolas suimiúil ann faoi na hápaí, an óige a bhíonn acu, a dtréithe agus an saol a bhíonn ag na hápaí difriúla. Tugann sé eolas ar an órang-útan, goraille, giobún agus simpeansaí. Tá frásaí nó nathanna cainte ar gach leathanach freisin. Tá grianghraif ann de na hainmhithe éagsúla.

| | |
|---|---|
| **Líon leathanach** | 24 |
| **Líon focal ar gach leathanach (ar an meán)** | 68 |
| **Líon línte téacs ar gach leathanach** | Suas go 15 (boscaí téacs ann) |
| **Líon focal in abairt fhada shamplach** | 19 (le fochlásail/ naisc) |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh)** | 100% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais in ann a léamh (go garbh)** | 80% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh)** | 65% |

### Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Is leabhar eolais é agus an struchtúr sin ann. Tá sé san aimsir láithreach. Tá clár ann ach níl innéacs ann. Tá fochaibidlí ann a dhíríonn ar eolas faoi leith. Ní gá é a léamh ó thús go deireadh, is féidir díriú ar an eolas atá uait. Tá sleachta ann agus boscaí téacs le fíricí beaga a bhriseann suas é, rud a chuidíonn leis an léamh. Tá Foclóirín ar chúl, níl ach 6 fhocal ann agus ní fios cá bhfuil siad sa leabhar, níl siad aibhsithe sa téacs.

### Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)
Caighdeán agus scríofa i dteanga an-soiléir agus inléite.

### Léaráidí (cur síos)
Is grianghraif iad na léaráidí. Tá grianghraif ar gach leathanach a chabhraíonn go mór leis an téacs agus leis an tuiscint.

### Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
An-mhaith do léitheoireacht ranga, bheadh sé maith é a chur ar scáileán agus é a phlé mar théacs iomlán ranga, píosa ar phíosa. Oiriúnach do léitheoireacht ghrúpa le díriú ar ghnéithe litearthachta a bhaineann leis an tseánra seo nó mar phointe eolais do thionscadal ar ainmhithe.

### Barúil na bpáistí
Thaitin sé leis na páistí, ba mhaith linn na leabhair eile sa tsraith a léamh. Bhí sé gearr, tarraingteach agus inléite. Bhí suim ag na páistí san ábhar féin, bhí siad ábalta ag an téacs agus spreag sé cuid mhór plé. Is leabhar éasca é seo a spreagann muinín. Bhí gach páiste in ann formhór na bhfocal a léamh agus bhí suim acu ar fad san ábhar.

### Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Bhí tuiscint mhaith acu go ginearálta. Cheap mé ar dtús go mbeadh sé rópháistiúil don aoisghrúpa seo ach bhain siad an-sásamh as.

### Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
*Coinneoidh an goraille óg seo greim ar chóta fionnaidh a mhamaí ar feadh cúig mhí.*

### Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Tá gluais an-ghearr ann, ach níor mheas muid go raibh gá le gluais. Déantar cur síos ar fhocail nua sa téacs féin, m.sh. *an dochtúir ainmhithe, an tréidlia.* Sin nó tá míniú ann sna pictiúir. Is féidir focail a oibriú amach sa chomhthéacs, nó iad a bhriseadh síos, m.sh. *grúiméireacht, simpeansaithe, dreapadh, fionnadh.*
Tá naisc ann go minic ar nós *mar, go háirithe, nuair, a fhad.*

### Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/ mí-oiriúnach don rang seo?
Tá an leabhar scríofa san aimsir láithreach agus réimse de bhriathra rialta/mírialta i gcomhthéacs an téacs ann. Tá go leor samplaí ann den chopail. Tá réimse d'iolraí in úsáid.

### Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Is féidir an leabhar a úsáid le cuid mhór cainte a spreagadh.
- Is féidir an réamheolas atá ag na páistí a phlé, chomh maith leis an nasc le leabhar eile agus foinsí eile eolais, nasc leis an saol.
- Is féidir Clár ABC a dhéanamh; A (ar eolas), B (ba mhaith liom a fhoghlaim), C (cad a d'fhoghlaim mé), roimh léamh agus tar éis na léitheoireachta.
- Is féidir an t-eolas ar fad a chur ar léaráid Venn, ag díriú ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir na hápaí ar fad.



**TEIDEAL** Labhraidh Loingseach

**ÚDAR** Máire Nic Mhaoláin

**FOILSITHEOIR** An Gúm

**SEÁNRA** Ficsean/Insint

**MOLTA DO RANG**
Tús R4 (D) / Tús R6 (T) do léitheoirí drogallacha

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Bhí cluasa capaill ar an rí ach níor mhaith leis an rún a bheith ar eolas ag aon duine. Gach bearbóir a thug bearradh gruaige don rí cuireadh chun báis é. Rinne Labhraidh Loingseach margadh leis an rí gan an rún a scaoileadh. Ach bhí an rún ina luí go trom ar a chroí. D'inis sé an rún do chrann, rinneadh cruit as an gcrann agus scaoileadh an rún sa cheol a tháinig ón gcruit. Agus an rún amuigh ghlac na daoine leis agus ba chuma leo.

| | |
|---|---|
| Líon leathanach | 32 |
| Líon focal ar gach leathanach (ar an meán) | 50 |
| Líon línte téacs ar gach leathanach | 9 |
| Líon focal in abairt fhada shamplach | 26 |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh) | 95% |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamhspleáchais in ann a léamh (go garbh) | 80% |
| Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh) | 75% |

### Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Scríofa san aimsir chaite. Réimse leathan poncaíochta, comharthaí cainte chomh maith le bolgáin chainte le téacs athráite ón scéal. Tá sé leagtha amach go soiléir le hailt ghearra téacs ar leathanaigh le pictiúir. Tá cuma air gur leabhar caibidle atá ann, ach níl caibidlí ann. Tá tús, lár agus deireadh soiléir sa scéal. Tá gluais ann agus míniú i mBéarla ach níl na focail aibhsithe sa téacs agus níl leathanaigh luaite.

### Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)
Caighdeán

### Léaráidí (cur síos)
Tá léaráidí daite ar gach leathanach a chuidíonn go mór leis an tuiscint.

### Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Grúpa léitheoireachta sa rang. Tugadh an leabhar seo do na páistí sin a bhíonn ag streachailt leis an léitheoireacht. Tá cuma úrscéil air ach ag leibhéal níos fusa.

D'fhéadfaí é a léamh le rang iomlán agus díriú ar ghnéithe difriúla le grúpaí.

### Barúil na bpáistí
Bhain na páistí an-sult as. Thaitin na pictiúir go mór leo. Bhí an scéal acu, rud a chuidigh leis an tuiscint.

### Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Chuidigh sé go raibh réamheolas acu ar an scéal seo. Bhí siad in ann tuar agus tátal a dhéanamh agus ceisteanna cuí a chur. Cé go bhfuil cuma shimplí air, tá cuid mhór de sa mhodh coinníollach agus tá abairtí fada ann.

### Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
> *Ní dhéanfadh sé aon gháire feasta ach é ag dul thart mar a bheadh néal dubh os a chionn i gcónaí. Thugtaí sparán lán d'ór don bhearbóir, ach chuirtí chun báis ina dhiaidh sin é.*

### Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Tá liosta focal sa ghluais ag cúl an leabhair a d'fhéadfadh a phlé roimh léamh. Deiseanna le focail nua a léamh trí straitéisí díchódaithe, m.sh. díriú ar [ch] *co**ch**all, a **ch**lúdach, mo **ch**uid, **ch**uimhnigh, **ch**un, ba **ch**uma* nó [í] *Labhr**aidh**, go gcuirf**í**, r**í**, mac baintr**í**, bearbóir**í**, imp**í**, mar**aigh**, caithf**idh**, chuimhn**igh***

### Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/mí-oiriúnach don rang seo?
Patrúin a aimsiú leis na briathra, an aimsir chaite is mó.

An modh coinníollach, patrúin a aimsiú. Tá samplaí ann den tuiseal ginideach agus réimse d'iolraí.

### Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Is féidir iarraidh ar na páistí achoimre a dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn.
- Is féidir labhairt faoin bplota, na himeachtaí sa scéal.
- Is féidir iarraidh ar na páistí cur síos a dhéanamh ar charachtair. Tá na carachtair an-soiléir agus láidir.
- Is féidir díriú ar cheistiú, ceisteanna dúnta agus oscailte, roimh léamh, i rith léimh agus tar éis léimh.
- Is féidir tuar agus tátal a dhéanamh roimh léamh, i rith léimh agus tar éis léimh.

**TEIDEAL** Criú Nua ar Bord

**ÚDAR** Patricia Forde

**FOILSITHEOIR** Futa Fata

**SEÁNRA** Ficsean/Insint

**MOLTA DO:** Tús R3 (D) / R5 (T)




**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Baineann an scéal seo le clann foghlaithe mara maithe. Tá cairde an chailín sa chlann ar cuairt agus téann siad i dtaithí ar an saol ar bord loinge. Is leabhar as sraith é seo.

| | |
|---|---|
| Líon leathanach | 48 |
| Líon focal ar gach leathanach (ar an meán) | 22 |
| Líon línte téacs ar gach leathanach | 3-5 |
| Líon focal san abairt is faide: | 15 |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh) | 95% |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais in ann a léamh (go garbh) | 75% |
| Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh) | N/A |

### Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Tá an scéal seo dírithe ar leibhéal na bpáistí agus luas an-mhaith ann. Tá 5 chaibidil sa leabhar agus é san aimsir chaite. Tá tús, lár agus deireadh soiléir ann. Tá na carachtair liostáilte ag tús an leabhair mar réamheolas. Tá cur síos na gcarachtar an-soiléir. Tá an leabhar seo breá spreagúil agus cuidíonn an struchtúr agus an leagan amach le suim a léiriú agus a choinneáil sa scéal.

### Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)
Caighdeán, oiriúnach do na léitheoirí a thriail é (sna sé chontae).

### Léaráidí (cur síos)
Léaráidí daite ar gach leathanach. Chuir na pictiúir go mór leis an scéal agus bhain na páistí sult astu.

### Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
D'fhéadfadh é a úsáid le grúpa beag faoi threoir. Tá neart teanga agus nathanna deasa ann le foghlaim. Baineadh úsáid as le R4 (T) (R2, D) mar chuid de thopaic scríbhneoireachta le scríbhneoireacht a spreagadh. Tá féidearthachtaí ann díriú ar phróifílí carachtar.

### Barúil na bpáistí
Thaitin se leis na páistí. Dúirt na páistí go mbeidh suim acu leabhair eile sa tsraith seo a léamh.

### Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Bhí tuiscint ghinearálta ag an gcuid is mó de na páistí. Is léir go bhfuil an scéal seo dírithe ar pháiste measartha óg. Bhí tuiscint mhaith ag na léitheoirí ar an leabhar agus thuig siad an chuid is mó den teanga. Thaitin an scéal leis na léitheoirí is laige sa rang ach ní raibh siad in ann é a léamh go neamhspléach. Bhí an meánghrúpa agus na léitheoirí is airde in ann an scéal a léamh gan mórán stró.

### Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
Tá na habairtí measartha gairid den chuid is mó, ach meascán ann, m.sh.

> *Ní dóigh liom go bhfuil ábhar foghlaí in Eoin Searlúis, is cuma céard a dhéanaim leis. Tinneas uafásach atá ann. Tá muid clúdaithe le spota dearg. Féach!*

### Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Tá focail ardmhinicíochta tríd an téacs seo níos mó na focail indíchódaithe.

### Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/mí-oiriúnach don rang seo?
Tá sé scríofa san aimsir chaite agus tá neart sampaí de bhriathra rialta agus neamhrialta ann. Tá an ghramadach den chuid is mó ag leibhéal na bpáistí agus bheadh an chuid is mó den chomhréir oiriúnach don aoisghrúpa chomh maith.

### Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Is féidir an scéal a léamh os ard le R4 (T) / R2 (D) agus thaitin sé leo.
- Is féidir le grúpa R5 (T) / R3 (D) an scéal a léamh leo féin agus bhí sé oiriúnach dóibh.
- Bheadh múinteoirí in ann an téacs seo a úsáid le ranganna níos airde ina bhfuil páistí le deacrachtaí léitheoireachta.




**TEIDEAL** Fionn mac Cumhaill

**ÚDAR** Tadhg Mac Dhonnagáin

**FOILSITHEOIR** An Gúm

**SEÁNRA** Ficsean

**MOLTA DO RANG**
Lár R3 (D) / R5 (T) go Tús R5 (D) / R7 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Tosaíonn an leabhar seo leis an sceal faoi Chumhall, athair Fhinn, taoiseach na Féinne. Ach i ndiaidh troid uafásach, mharaigh Goll Mac Morna Cumhall. Rugadh babaí beag fionn do bhean Chumhaill agus tugadh Fionn mac Cumhaill air. Bhí ar mhamaí Fhinn é a chur i bhfolach ó Gholl Mac Morna. Tarlaíonn an eachtra leis an mbradan feasa agus ansin imíonn Fionn leis go Teamhair, áit a mbíonn sé ina thaoiseach ar na Fianna mar a bhí a athair roimhe. Tá an leabhar lán le troid agus básanna, agus chuir an foréigean as do chuid bheag de na páistí, ach bhain a bhformhór an-sásamh agus an-gháire as.

| | |
|---|---|
| **Líon leathanach** | 56 |
| **Líon focal ar gach leathanach (ar an meán)** | 100 |
| **Líon línte téacs ar gach leathanach** | 15 |
| **Líon focal in abairt fhada shamplach** | 17 |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh)** | 99% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais in ann a léamh (go garbh)** | 88% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh)** | 75% |

### Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Tá seacht gcaibidil sa leabhar. Níl clár ná gluais ann. Tá bolgáin chainte ann a chuireann go mór leis an scéal agus a bhfuil greann iontu. Tá an téacs breá mór, rud a thaitin leis na páistí agus a chuidigh leo é a léamh.

### Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)
Tá an Ghaeilge caighdeánach agus soiléir agus níl aon chanúint láidir ann. Chabhraigh sé seo leo an scéal a léamh go líofa agus é a thuiscint gan an iomarca ionchur ón múinteoir.
Bhí an leabhar éasca go maith le léamh, cé is moite de chorrfhocal nó de chorrfhrása nach raibh ar eolas acu.

### Léaráidí (cur síos)
Cabhraíonn na léaráidí go mór. Tá siad ildaite agus spraíúil. Tá bolgáin chainte le go leor acu atá greannmhar. m.sh. *cúitsí, cúitsí, cú* agus *Ó ná habair, obair bhaile!*

### Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Is féidir an leabhar seo a léamh le rang iomlán, le grúpa nó go neamhspleách, ag brath ar leibhéal na bpáistí agus an oiread tacaíochta atá de dhíth orthu. Is féidir é a léamh caibidil ar chaibidil mar rang agus ansin é a athléamh i ngrúpa/go neamhspleách le sprioc ar leith ar intinn. Bheadh grúpa in ann díriú ar ghné theanga/ghramadaí le chéile go hidirghníomhach agus achoimre, tuar/tátal a dhéanamh le chéile.

### Barúil na bpáistí
Thaitin sé go mór leo. Thaitin an scéal agus na pictiúir leo. Bhí corrpháiste nár bhain sult as an bhforéigean, ach bhí a bhformhór ag gáire agus ag baint an-sásamh as.

### Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Ní raibh aon deacracht leis an tuiscint. Tá Gaeilge shaibhir ann, ach ní raibh sé róchasta/ródhúshlánach dóibh.

### Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
> *Ba bheag nár léim an tsúil amháin a bhí fágtha as a chloigeann, bhí an oiread sin iontas air.*

### Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Níl gluais sa leabhar. Is féidir iarraidh ar pháistí gluais a dhéanamh le cur le forbairt foclóra, mar ghrúpa nó go neamhspleách. Is féidir iarraidh orthu focail nach dtuigeann siad féin a chur sa ghluais agus míniú a scríobh. Bheadh liosta focal pearsanta ag gach duine.

### Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/mí-oiriúnach don rang seo?
Tá réimse de bhriathra in úsáid sa leabhar. Is féidir iarraidh ar na páistí iniúchadh a dhéanamh orthu agus patrúin a aimsiú. Tá deis ann freisin réamhfhocail agus an t-urú a mhúineadh, m.sh. *ar an bhfathach/as an bhféasta* agus díriú ar shamhlacha agus ar nathanna, m.sh. *chomh geal leis an lá, chomh tapa leis an ngiorria/leis an mbradán, baineadh an anáil as, go dté tú slán, sin í an fhírinne, tuillte go maith aige.*

### Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Is féidir iarraidh ar na páistí achoimre a dhéanamh, ó bhéal nó i scríbhinn, agus léaráidí agus bolgáin chainte a chur leis.
- Is féidir iarraidh ar na páistí naisc a dhéanamh le scéalta eile atá ar eolas acu.
- Is féidir réamheolas a phlé roimh léamh.
- Is féidir naisc a dhéanamh le stair agus finscéalta na hÉireann; stair, le finscéalta, ealaín, na Fianna, tíreolaíocht, Teamhair agus Brú na Bóinne.

**TEIDEAL** Bran agus Sceolán

**ÚDAR** Tadhg Mac Dhonnagáin

**FOILSITHEOIR** An Gúm

**SEÁNRA** Ficsean



**MOLTA DO RANG**
Deireadh R4 (D) / Deireadh R6 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Scéal faoi conas a fuair Fionn mac Cumhaill a dhá mhadra, Bran agus Sceolán. Scéal measartha casta, ó scéal a mháthar agus a dheirféar a athraíodh ina madraí. Ansin bhí dhá choileán ag a dheirfiúr agus chónaigh siad le hiascaire. Bhí fathach ag goid babaithe ón iascaire agus óna bhean. Cuireann Fionn baicle de na laochra le chéile agus scileanna difriúla acu le tarrtháil a dhéanamh ar na babaithe agus ar na madraí. Tá tagairtí ann do scéal an bhradáin feasa. Éiríonn le Fionn agus na Fianna sa deireadh agus tugtar na madraí d'Fhionn mar bhuíochas.

| | |
|---|---|
| **Líon leathanach** | 63 |
| **Líon focal ar gach leathanach (ar an meán)** | 88 |
| **Líon línte téacs ar gach leathanach** | Suas go 19 (bolgáin chainte ann) |
| **Líon focal in abairt fhada shamplach** | 19 (le fochlásail/naisc) |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh)** | 98% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais in ann a léamh (go garbh)** | 80% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh)** | 60% |

### Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Tá struchtúr soiléir ann le tús, lár agus deireadh. Tarlaíonn go leor tubaistí agus dúshlán agus réitítear iad faoi dheireadh an scéil. Tá caibidlí gearra ann agus teidil shoiléire orthu. Tá bolgáin chainte sna pictiúir go minic agus greann leo, an téacs scríofa i gceannlitreacha. Tá an scéal scríofa san aimsir chaite den chuid is mó. Tá carachtair ann a bhíonn maith nó olc, agus na tréithe sin an-soiléir.

### Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán):
Caighdeán. Tá saibhreas teanga agus nathanna cainte oiriúnacha ann, m.sh. *seo linn go beo.* Cé go bhfuil castachtaí sa scéal mar a bhíonn sna scéalta seo, tá an teanga ag leibhéal inléite agus soiléir. Níl cuid mhór ainmneacha ná logainmneacha ann mar a bhíonn sna scéalta fiannaíochta go minic.

### Léaráidí (cur síos)
Léaráidí daite ar gach dara leathanach agus bolgáin chainte ann i stíl ghreannáin. Cabhraíonn na léaráidí agus na bolgáin chainte le tuiscint.

### Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Léitheoireacht iomlán ranga le sult a bhaint as mar scéal. Léitheoireacht ranga agus plé/gníomhaíochtaí mar rang/i ngrúpaí. Grúpa amháin á léamh faoi threoir/go neamhspleách agus gníomhaíochtaí le tacú leis.

### Barúil na bpáistí
Thaitin sé go mór leis na páistí, bhí rudaí ann do na buachaillí agus do na cailíní.

### Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Bhí tuiscint mhaith ghinearálta acu. Níl mórán focail chasta sa chéad chaibidil, rud a mheallann na páistí isteach sa scéal. Bhí an chuid is mó de na páistí in ann é a léamh gan stró.

### Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
Abairtí atá casta sa leabhar, m.sh.

> *Cuirim faoi gheasa droma draíochta thú an madra seo a choinneáil anseo i do theach, as seo amach. Agus chuaigh an siúinéir i mbun oibre. Ba ghearr go raibh bád breá déanta aige.*

### Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Is féidir tacú leis na páistí le hainmneacha na gcarachtar, straitéisí díchódaithe a úsáid agus nasc a aithint idir ainmneacha agus tréithe m.sh., *Srón le Gaoth, Fionn mac Cumhaill.* Níl gluais ann ach tá cuid mhór athrá ann ar théarmaí/ainmneacha. Tá neart samplaí d'abairtí ann a chuireann le scéal maith, m.sh. *As sin amach… An lá dár gcionn… Ba ghearr go raibh… Ar aghaidh leo… An tráthnóna sin… Suas an balla leis… As sin go cúpla lá ina dhiaidh sin…*

### Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/mí-oiriúnach don rang seo?
Tá na briathra san aimsir chaite den chuid is mó. Deiseanna eile ann díriú ar phoncaíocht, comparáid idir caint dhíreach agus bolgáin chainte, iolraí, an tuiseal ginideach, ainmfhocail bhaininscneacha/fhirinscneacha.

### Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Is féidir próifíl charachtair a dhéanamh, tá tréithe na gcarachtar an-soiléir agus ainmneacha/teidil orthu a chuireann leis na tréithe.
- Is féidir léarscáil a dhéanamh de na háiteanna a luaitear, an turas a dhéanann na carachtair. Is féidir crann ginealaigh a dhéanamh d'Fhionn Mac Cumhaill.
- Is féidir amlíne a dhéanamh de shaol Fhinn agus dá eachtraí a bhí aige le linn a shaoil.




**TEIDEAL** Inis Mara

**ÚDAR** Tristan Rosenstock

**FOILSITHEOIR** Leabhair Comhar

**SEÁNRA** Ficsean/Insint

**MOLTA DO RANG**
Lár R4 (D) / Lár R6 (T)
Tús R5 (D) / Tús R7 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Is scéal comhaimseartha eachtraíochta é faoi phobal a chónaíonn ar oileán. Ceaptar ceannaire nua agus téann an saol in olcas dá bharr. Tá cailín cróga ann mar phríomhcharachtar a chuireann inbhuanaitheacht chun cinn leis an oileán a shábháil. Léiríonn an scéal dúinn gur ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Tá neart téamaí agus carachtar ann. Pléitear inbhuanaitheacht, athrú aeráide, feirmeacha gaoithe, pobal.

| | |
|---|---|
| **Líon leathanach** | 71 |
| **Líon focal ar gach leathanach (ar an meán)** | 160 |
| **Líon línte téacs ar gach leathanach** | 18 |
| **Líon focal in abairt fhada shamplach** | 28 |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh)** | 100% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamhspleáchais in ann a léamh (go garbh)** | 95% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh)** | 90% |

### Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Tá caibidlí gearra ann, rud a chuidíonn leis an léitheoireacht. Is féidir an scéal a bhriseadh ina chodanna, agus caibidil nó dhó a léamh in am gearr.

Tá gluais an-soiléir ann ata furasta a úsáid. Tá cló trom sa téacs ar fhocail atá sa ghluais agus iad rangaithe sna caibidlí sa ghluais féin. Tá an míniú i mBéarla an-soiléir. Tá struchtúr an-soiléir sa leabhar seo; tús, lár, deireadh (cur síos, fadhb, réiteach).

### Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)
Caighdeán, ach oiriúnach do na páistí a bhain triail as. Léadh é le rang ina bhfuil ardchaighdeán léitheoireachta ach d'fhéadfá é a léamh le rang níos óige agus tacaíocht acu.

### Léaráidí (cur síos)
Tá na léaráidí dubh agus bán. Tá léaráid amháin i ngach caibidil. Measadh go bhfuil siad tarraingteach ach nach gcuireann siad an oiread sin le tuiscint na bpáistí.

### Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Léadh an leabhar le rang iomlán. Rinneadh plé ó bhéal agus i scríbhinn ar théamaí amhail inbhuanaitheacht agus pobal. Bheadh sé oiriúnach do léitheoireacht ghrúpa le tacaíocht agus do pháistí cumasacha don léitheoireacht neamhspleách. Cuidíonn na caibidlí gearra le léitheoirí ag gach leibhéal.

### Barúil na bpáistí
Thaitin sé leis na páistí. Thaitin na léaráidí go mór leo. Bhraith R4/R6 go mbeadh sé níos oiriúnaí do R2-3/R4-5.


### Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Bhí tuiscint an-mhaith acu. Bhí sé go maith do spreagadh na léitheoireachta, oiriúnach do gach léitheoir sa rang, agus bhí go leor sa téama a bhí oiriúnach dóibh. Bhí go leor de na focail sa ghluais nár thuig siad, mar sin bhí dúshlán ann dóibh.

### Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn structhúr agus comhréir chasta
> *Cruthóidh an tuirbín gaoithe seo neart cumhachta chun fuinneamh a thabhairt do gach teach ar Inis Mara agus déanfaidh sé é ar chostas an-íseal, murab ionann agus an ola ghránna shalach.*

### Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Tá neart téarmaíochta ann a bhaineann leis an inbhuanaitheacht, m.sh. *breosla, tuirbíní gaoithe, grianphainéil*. Tá an ghluais an-soiléir, cló trom sa téacs agus eagraithe sna caibidlí sa ghluais féin. Tá an míniú i mBéarla soiléir. Déantar athrá ann ar an teanga nua chomh maith. Is féidir go leor de na focail a oibriú amach i gcomhthéacs na habairte. Is féidir focail a bhriseadh ina bhfóinéimí/moirféimí mar straitéis lena léamh. Is féidir iarraidh ar na páistí cur leis an ngluais trí fhocail nua eile a aimsiú sna caibidlí.

### Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/ mí-oiriúnach don rang seo?
Tá na briathra sa leabhar san aimsir chaite. D'fhéadfá díriú ar na briathra rialta/mírialta agus patrúin a aimsiú. Tá go leor samplaí ann de chineálacha iolraí. D'fhéadfá gluais ghramadaí a dhéanamh leis na páistí.

### Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Is féidir nasc a dhéanamh leis an eolaíocht le rang. Díríodh ar an inbhuanaitheacht, ar phainéil ghréine agus ar an ngaoth.
- Is féidir plé a dhéanamh agus ansin scríobh faoi charachtair ag díriú go príomha ar Éabha agus an Santóir. Tá na carachtair an-soiléir, maith nó olc.
- D'fhéadfadh na páistí próifíl carachtair a dhéanamh, tréithe carachtair.
- Is féidir tuar agus tátal a dhéanamh roimh léamh agus i rith na léitheoireachta.
- Is féidir díriú ar an ngluais roimh léamh mar réamheolas.




**TEIDEAL** Dochreidthe!

**ÚDAR** Hilary McKay,
Leagan Gaeilge le
Patricia Nic Eoin

**FOILSITHEOIR** Futa Fata

**SEÁNRA** Ficsean

**MOLTA DO RANG**
R3 (D) / R5 (T)
R6 (D) / R7 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Tá triúr cairde ag Peadar a mbíonn scéalta suimiúla acu agus eachtraí suimiúla ar siúl acu an t-am ar fad. Síleann Peadar go bhfuil sé féin leadránach. Tá lá breithe Pheadair ag teacht agus ba mhaith lena mhamaí cóisir a eagrú. Sa deireadh faigheann na páistí eile amach nach bhfuil Peadar leadránach ar chor ar bith agus go bhfuil taibhse sa teach aige.

| | |
|---|---|
| Líon leathanach | 70 |
| Líon focal ar gach leathanach (ar an meán) | 135 |
| Líon línte téacs ar gach leathanach | 17 |
| Líon focal in abairt fhada shamplach | 18 |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh) | 85% |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais in ann a léamh (go garbh) | 75% |
| Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh) | 65% |

## Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Tá clár agus 8 gcaibidil ann. Tá teideal ar gach caibidil a thugann struchtúr don leabhar agus eachtra faoi leith i ngach caibidil. Is féidir gach caibidil a léamh mar scéal ann féin agus aird ar charachtar ar leith. Tá gluais / fonóta ag bun na leathanach ag míniú focail nua. Tá an scéal san aimsir chaite, réimse poncaíochta ann agus tá carachtair chinnte ann.

## Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)
Tá tréithe Muimhneacha (*ní fheadar*) agus Connachtacha (*tá sin togha*) ann. Mínítear *ní fheadar* le *meas tú.* Níor thuig na páistí seo ceachtar acu. Tá an Ghaeilge ag leibhéal atá furasta a thuiscint den chuid is mó. Tá mílitriú ann agus botúin phoncaíochta (na comharthaí cainte), agus aird againn ar shamplaí a aimsiú sa téacs tháinig na páistí orthu seo.

## Léaráidí (cur síos)
Tá léaráidí dubha agus bána ann ar gach cúpla leathanach. Cuireann siad leis an téacs agus leis an tuiscint. Thaitin siad leis na páistí, tá siad greannmhar.

## Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Léadh an leabhar le grúpa beag faoi stiúir léitheoirí ardchumais. Léadh caibidil go córúil agus ansin léigh na páistí arís é i mbeirteanna gan stiúir, duine i ndiaidh duine. Bhí gníomhaíocht ghrúpa acu bunaithe ar an leabhar ina dhiaidh sin, spreag sin athléamh eile.

## Barúil na bpáistí
Bhain na páistí an-sult as. Tá sé greannmhar agus thaitin na carachtair go mór leo. Spreag sé go leor plé agus scéalta eile ó bhéal agus scríofa.

## Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Bhí tuiscint mhaith ag grúpa ardchumais. Bhí tacaíocht bhreise de dhíth ar pháistí eile.

## Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
> *Bhí spéaclaí dubha air agus scáth fearthainne ina láimh aige; bhuel, ní gnáth-scáth fearthainne a bhí ann, ach uirlis mharfach.*

## Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Tá athrá ann ar fhocail agus ar fhrásaí nua, rud a chuidíonn go mór. Tá míniú ar chuid de na focail i nGaeilge, aibhsithe i gcló trom, ag bun an leathanaigh. In amanna níor thuig na páistí an míniú agus ní i gcónaí gurb iad na focail nár thuig siad a bhí mínithe. Bheadh gá le díriú ar fhocail eile. Agus muid ag díriú ar litriú agus ar fhocail a aimsiú don liosta litrithe, is trua go bhfuil teideal an leabhair *Dochreidthe/Dochreidte* litrithe dhá dhóigh.

## Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/ mí-oiriúnach don rang seo?
Is féidir díriú ar na briathra sa leabhar. Tá go leor samplaí ann de nascfhocail, tacóidh aird ar nascfhocail le habairtí níos faide a léamh.
Molaim gan díriú ar phoncaíocht sa leabhar seo, tá meancóga ann leis na comharthaí cainte.

## Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Is féidir tuar agus tátal agus fianaise ar na barúlacha a aimsiú sa leabhar.
- Is féidir plé a dhéanamh ar na scéalta a bhíonn ag na buachaillí eile, an bhfuil siad fíor nó bréagach?
- Is féidir iarraidh ar na páistí scéalta a insint/scríobh, fíor nó bréagach, don rang.
- Is féidir aird a dhíriú ar stuchtúr na scéalta sin; tús/lár/ deireadh.

**TEIDEAL** Bleachtairí Beaga Bhaile Átha Cliath




**ÚDAR** Gabriel Rosenstock

**FOILSITHEOIR** An Gúm

**SEÁNRA** Insint (ficsean)

**MOLTA DO RANG**
Lár R3 (D) / R5 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Tá na scéalta sa leabhar seo suite i mBaile Átha Cliath. Tá ceithre scéilín ann san iomlán a bhaineann leis na carachtair agus leis an suíomh céanna. Tá ceathrar páistí i ngach scéal/mistéir agus trí chomhoibriú agus díogras, éiríonn leo teacht ar réiteach ar na fadhbanna; torann aisteach, tiúilipí goidte, madra ar iarraidh agus boladh bréan. Bíonn na bleachtairí beaga sa tóir ar leideanna chun miniú a fháil ar na heachtraí seo. Tugtar leideanna i ngach caibidil a spreagann an léitheoir smaoineamh ar réiteach. Léiríonn na scéalta an tábhacht a bhaineann le cairdeas agus comhoibriú agus tú i do bhleachtaire óg.

| | |
|---|---|
| Líon leathanach | 123 |
| Líon focal ar gach leathanach (ar an meán) | 140 |
| Líon línte téacs ar gach leathanach | 20 |
| Líon focal in abairt fhada shamplach | 20 |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh) | 95% |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais in ann a léamh (go garbh) | 90% |
| Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh) | 85% |

### Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Tá clár agus ceithre scéilín ann. Tá gach scéal fada go leor agus níl siad briste suas. Níl gluais ann. Ach tá struchtúr cinnte ann a bhaineann leis an seánra seo. Tá tús ann a dhéanann cur síos ar an suíomh, tá lár ann ina mbíonn an fhadhb le réiteach agus tá deireadh ann nuair a réitíonn na páistí an fhadhb.

### Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)
Tá sé sa chaighdeán (Connachtach/Muimhneach). Úsáidtear teanga atá oiriúnach do pháistí R3 (R5) agus R4 (R6) ach bheadh obair le déanamh le cuid den fhoclóir a mhíniú agus a phlé.

### Léaráidí (cur síos)
Léaráidí dubha agus bána, dhá cheann i ngach scéilín. Léiríonn na léaráidí gníomh na mistéire, bleachtairí óga ag fiosrú, ag breathnú le haghaidh leideanna, na heachtraí atá tar éis tarlú. Tugann na léaráidí tacaíocht don téacs agus tá siad greannmhar.

### Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Déanann struchtúr an leabhair é éasca do na páistí a léamh. Tá sé roinnte ina chaibidlí, rud a bhí tairbheach don ghrúpa léitheoirí agus go mór mór dóibh siúd le deacrachtaí léitheoireachta.
Cé go leantar an grúpa céanna páistí sa leabhar is féidir gach caibidil a léamh mar scéal neamhspléach.

### Barúil na bpáistí
Thaitin an leabhar go mór leis na páistí (cé go raibh sé beagán dúshlánach do chuid acu). Gach lá bhíodh siad ag fiafraí an mbíodh muid ag dul amach sna grúpaí léitheoireachta. Bhí na pictiúir cabhrach. Thaitin sé leo go raibh scéal amháin i gcaibidil amháin.Bhí sé spraíúil a bheith mar bhleachtaire agus iad féin ag léamh agus ag iarraidh leideanna a fháil.

### Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Bhí na páistí in ann an chuid is mó den scéal a thuiscint iad féin. D'éirigh leis an gcuid is mó acu tuiscint iomlán a fháil ach bhí tacaíocht bhreise de dhíth ar na páistí a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu. Léirigh gach páiste suim agus rannpháirtíocht. Thuig siad struchtúr an scéil. Bhí siad in ann na carachtair a ainmniú agus a phlé agus thuig siad na téamaí; caidreas, fiosrú agus réiteach fadhbanna.

### Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
> *Lig mé osna eile agus scríobh mé sa leabhar nótaí nach raibh toradh ar bith ar an bhfiosrú sin.*

### Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Tá athrá ann ar go leor de na focail nua, m.sh. *bleachtaire, cuardach, béal dorais, ar nós geonáil, sainnithe, osna*. Tá neart féidearthachtaí ann chun saibhreas teanga a phlé le focail amhail *luas lasrach, cluasa ar na claíocha*. Bhí neart suime sna focail *Kathfodura, Mammadom agus poppadom.* Is féidir foclóir na seachtaine a thógáil as an leabhar. Is féidir póstaeir a chruthú le frásaí úsáideacha ón scéal.


### Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/ mí-oiriúnach don rang seo?
Is féidir díriú ar na briathra san aimsir chaite. Tá samplaí ann d'úsáid shimplí an tuisil ghinidigh (bosca an bhuachalla, madra na gcáilíní) agus forainmneacha simplí. Is féidir iarraidh ar na páistí samplaí a aimsiú sa téacs agus patrúin a aimsiú sna samplaí le riail a chumadh iad féin.

### Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Tá an leabhar seo go maith don léitheoireacht idirghníomhach.
- Spreagtar na páistí le tuairimí a thabhairt, tuar/tátal a dhéanamh agus leideanna a phlé le linn léitheoireachta.
- Tá sé go maith don léitheoireacht bheirte/ghrúpa. Bíonn deis ag na páistí línte/ailt a athléamh, rud a chabhraíonn le líofacht agus muinín.
- Is féidir naisc a dhéanamh le téacsanna eile/saol an pháiste trí cheistiú.

Ar lean →

### Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang (ar lean)

- Is féidir cultúr eile/bia ó thír eile a phlé (m.sh. tabhair isteach poppadoms).
- Tá féidearthachtaí ann do ghníomhachtaí iarléitheoireachta ar nós comhrá beirte, scríobh críoch nua don chaibidil, liostaigh na leideanna, scríobh do mhistéir féin, naisc le gramadach agus stór focal.
- Is féidir tógáil ar na téamaí; úsáid leideanna agus fianaise, réiteach fadhbanna go cruthaitheach, teannas agus ruaille buaille.




**TEIDEAL:** An Cúigear Cróga
Tá Gruaig George Rófhada

**FOILSITHEOIR:** Cló Iar-Chonnacht

**ÚDAR:** Enid Blyton,
leagan Gaeilge le
Máirín Ní Ghadhra

**SEÁNRA:** Ficsean

**MOLTA DO RANG:**
Rang 6 (T) / Rang 4 (D) go Rang 7 (T) / Rang 6 (D)

**ÁBHAR AN LEABHAIR**: *(achoimre)*:
Leabhar sa tsraith a bhaineann leis an gcúigear cróga le hEnid Blyton. Tá cuma iontach deas air mar leabhar. Ach tá amhras ann faoi leabhair Enid Blyton a aistriú go Gaeilge. Níl an gnéasaíochas ná an ciníochas ann sna leaganacha nua agus níl a fhios ag na páistí go raibh sin ann. Tá na hainmneacha céanna ar na carachtair (George, Dick, srl.). Sa leabhar seo imíonn George le bearradh gruaige a fháil fad is atá gadaíocht ann. Ar ndóigh, bíonn an bua ag an gcúigear, le cuidiú mór ó Timmy (an madra).

| | |
|---|---|
| **Líon leathanach:** | 78 |
| **Líon focal ar gach leathanach** *(ar an meán)***:** | 70 |
| **Líon línte téacs ar gach leathanach:** | 13 |
| **Líon focal in abairt fhada shamplach:** | 17 |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann léamh** *(go garbh)***:** | 85 |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais a léamh** *(go garbh)***:** | 75 |
| **Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann léamh** *(go garbh)***:** | 65 |

### Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs:
Tá 8 gcaibidil sa leabhar a thugann struchtúr cinnte dó. Tá pictiúir ildaite tarraingteacha ar beagnach gach leathanach. Tá tús, lár agus deireadh soiléir ann. Cuirtear síos ar an suíomh, an rún atá ag an gcúigear ag an tús. Tarlaíonn eachtraí agus fadhbanna sa lár. Réitíonn an cúigear gach rud ar deireadh.

### Cur síos ar Ghaeilge an téacs: (canúint nó caighdeán):
Tá an Ghaeilge canúnach, canúint Chonamara. Thug sin dúshlán sa bhreis do na páistí Gaelscoile a léigh é. Léigh páistí Rang 6 (T) / Rang 4 (D) é. Chabhraigh an leagan amach, gan mórán téacs ar leathanaigh agus pictiúir ildaite a mhíníonn focail nua go minic. Bhí cuid de na struchtúir abairtí an-chasta.

### Léaráidí *(cur síos)*:
Tá na léaráidí thar barr. Spreag siad na páistí go mór. Cuireann siad go mór leis an téacs agus cabhraíonn siad le tuiscint. Tá léaráidí ar gach leathanach nach mór.

### Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo:
Bhí an-tacaíocht ag teastáil ó na páistí sna ranganna seo an leabhar seo a léamh. Léigh rang amháin é leis an rang iomlán. Léigh rang eile é le grúpa ar ardchumas.

### Barúil na bpáistí:
Thaitin an scéal go mór leis na páistí. Chabhraigh stíl an leabhair, na pictiúir agus an leagan amach leo. Dúirt cuid acu go raibh sé léite acu i mBéarla agus go raibh sé níos fusa é a léamh i mBéarla. Ach thaitin sé leo san am céanna.

### Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí:
Bhí tuiscint an-mhaith acu. Bhí siad in ann achoimre a dhéanamh ar na caibidlí cé nár thuig siad gach focal nó gach abairt. Bhí an scéal agus an plota furasta a leanúint.
Tá comhthéacsanna soiléire ann agus tá sé furasta ciall a bhaint as focail/frásaí nua sa chomhthéacs. Tá an comhréir casta agus tá roinnt mhaith abairtí an-fhada ann.

### Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn structhúr agus comhréir chasta:
> *Tá an oiread clabhsáin agat fúithi – amhlaidh agus go ndéanfadh sé difríocht an gearr nó fada í.*

### Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint:
Tá córas sórt randamach sa leabhar le cló trom agus focail níos mó. Is trua nach iad seo na focail dhúshlánacha agus go mbeadh aird orthu agus b'fhéidir gluais curtha ar fáil. Is féidir iarraidh ar na páistí na focail nár thuig siad a liostú tar éis an chéad léamh agus na focail a aimsiú a chuir bac le tuiscint. Is féidir díriú ar na patrúin litrithe sna focail, iad a bhriseadh síos agus á gcur i gcomparáid le focail eile atá ar eolas. Iarr ar na páistí tuairim a thabhairt ar chiall na bhfocail ón gcomhthéacs sula n-aimsíonn siad iad.

### Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/mí-oiriúnach don rang seo:
Is féidir díriú ar bhriathra agus iarraidh ar na páistí iad a liostú. Tá neart orduithe ann. Tá cuid mhór aidiachtaí ann agus is féidir díriú ar phatrúin lena n-úsáid. Is féidir díriú ar fhochlasáil agus na nascfhocail in abairtí fada lena mbriseadh síos.

### Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang:
Iarr ar na páistí achoimre a dhéanamh tar éis gach caibidil / leathanach nó dhó. Léiríonn sé sin a dtuiscint. Ansin, is féidir iarraidh orthu na focail nár thuig siad a liostú. Ní gá gach uile focal a thuiscint le téacs agus plota a thuiscint. Tá struchtúr an-soiléir sa leabhar. Is féidir iarraidh ar na páistí an struchtúr / an plota a leagan amach. D'fhéadfaí iarraidh ar na páistí tuar a dhéanamh tar éis gach caibidil. Is féidir iarraidh ar na páistí próifíl carachtar a dhéanamh.




**TEIDEAL** Ar Strae

**ÚDAR** Patricia Forde

**FOILSITHEOIR** Futa Fata

**SEÁNRA** Ficsean

**MOLTA DO RANG**
Deireadh R3 (D) / R5 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Scéal Nizar, buachaill ón tSiria, is ea é seo. Tá sé ar strae i dtír nua, Éire, tar éis dó éalú óna thír dhúchais mar gheall ar an gcogadh. Tagann sé go hÉireann lena theaghlach, ach mothaíonn sé uaigneach agus scanraithe sa timpeallacht nua. Le cabhair ó dhaoine áitiúla, trí chairdeas agus flaithiúlacht, tosaíonn sé ag mothú níos sábháilte agus níos muiníní. Foghlaimíonn sé go bhfuil saol nua aige. Suíomh réadúil, carachtair réalaíocha le fadhb sa saol sa lá atá inniu ann. Cé go raibh dúshláin ann críochnaíonn an scéal go dóchasach.

| | |
|---|---|
| Líon leathanach | 53 |
| Líon focal ar gach leathanach (ar an meán) | 130 |
| Líon línte téacs ar gach leathanach | 17 |
| Líon focal in abairt fhada shamplach | 20 |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh) | 95% |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais in ann a léamh (go garbh) | 90% |
| Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh) | 85% |

## Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Tá clár agus deich gcaibidil ann. Go minic críochnaíonn caibidil le ceist nó le heachtra, rud a spreagann leanúint leis an léitheoireacht. Tá struchtúr an tseánra soiléir le tús, lár agus deireadh ginearálta. Tá an scéal san aimsir chaite. Tá réimse poncaíochta agus cainte ann.

## Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)
Tá an Ghaeilge oiriúnach do pháistí R3 agus R4. Is Gaeilge chaighdeánach atá ann. Tá an foclóir simplí agus soiléir, coitianta i saol na bpáistí agus níl struchtúir ghramadaí róchasta ann. Tá abairtí gearra ann den chuid is mó atá furasta a thuiscint.

## Léaráidí (cur síos)
Tá na léaráidí dubh agus bán, ceann i ngach dara caibidil agus iad ag tacú leis an téacs.

## Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Is féidir an leabhar seo a léamh os ard don rang, é a léamh i ngrúpaí/beirteanna nó go neamhspleách. Is féidir é a léamh mar rang ar dtús agus ansin é a athléamh i ngrúpaí agus sprioc faoi leith acu. Luíonn sé go maith le plé ranga.

## Barúil na bpáistí
Thaitin an leabhar go mór leis na páistí (cé go raibh sé beagán dúshlánach do chuid acu tuiscint a fháil ar imirce agus dídeánaithe agus lucht iarrtha tearmainn). Thaitin sé leo go raibh leabhar eile Béarla sa rang leis an téama céanna *The boy at the back of the class* le Onjali Q. Raúf.

## Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Bhí tuiscint mhaith acu. Tar éis miniú ar dhídeánaithe agus lucht iarrtha tearmainn ag an tús, thuig siad tús an scéil. Thuig siad téama an scéil, imirce, faitíos, uaigneas, cairdeas agus cineáltas. D'éirigh leis an gcuid is mó acu tuiscint iomlán a fháil ach bhí na páistí a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu in ann páirt a ghlacadh le tacaíocht bhreise.

## Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
> *Ní raibh a fhios ag Nizar cá raibh sé ná conas a gheobhadh sé a bhealach abhaile arís.*

## Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Is féidir iarraidh ar na páistí focail nach bhfuil siad cinnte fúthu a liostú agus iad a fhiosrú tar éis an chéad léamh. Ansin, sa dara léamh beidh tuiscint níos fearr acu agus na focail á n-athléamh i gcomhthéacs. Bheadh deiseanna ann focail le patrúin áirithe litrithe a aimsiú sa téacs agus iad a rangú de réir fuaime/léiriú fuaime.

## Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/ mí-oiriúnach don rang seo?
Tá go leor samplaí ann de bhriathra san aimsir chaite. Is féidir iarraidh ar na páistí na briathra a aimsiú agus a liostú. Is féidir leo patrúin a aimsiú agus rialacha a chumadh lena mhíniú. Is féidir díriú ar na forainmneacha pearsanta nó frásaí / nathanna ón scéal.

## Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Sa léitheoireacht idirghníomhach, is féidir na páistí a spreagadh le tuairimí a thabhairt, tuar agus tátal a dhéanamh, leideanna a phlé trí cheisteanna oscailte a chur.
- Is féidir léitheoireacht mhacalla agus léitheoireacht chórúil a chleachtadh faoi stiúir an mhúinteora agus an bhéim ar athléamh agus ar líofacht.
- Is féidir nasc a dhéanamh leis an saol mórthimpeall orthu, naisc le téacs eile atá léite (The Boy at the Back of the Class).
- Tá téamaí ann amhail cairdeas, cineáltas, féiniúlacht, teaghlaigh agus léiriú ar mhothúcháin amhail uaigneas, imní, faitíos agus dóchas.

**TEIDEAL** Cuileog,
Scéal Chiaráin Uí Mhianáin




**SEÁNRA** Insint (ficsean)

**ÚDAR** Andy Stanton,
Leagan Gaeilge le
Máirín Ní Mhárta

**FOILSITHEOIR** Futa Fata

**MOLTA DO RANG**
Deireadh R3 (D) / R5 (T)
Lár R4 (D) / R6 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Scéal faoi bhuachaill a bhogann go cathair lena theaghlach, áit nach bhfuil aithne aige ar aon duine. Tosaíonn sé ar scoil nua agus tá duine ann a dhéanann bulaíocht air. Creideann Ciarán gur féidir leis é féin a athrú ina chuileog agus sa deireadh éiríonn leis! Cuidíonn an scil seo leis. Tá téamaí níos forbartha sa leabhar seo ná úrscéalta eile atá léite ag na páistí i nGaeilge.

| | |
|---|---|
| Líon leathanach | 79 |
| Líon focal ar gach leathanach (ar an meán) | 100 |
| Líon línte téacs ar gach leathanach | 16 |
| Líon focal in abairt fhada shamplach | 20 |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh) | 90% |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais in ann a léamh (go garbh) | 75% |
| Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh) | 50% |

### Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Tá clár ann leis na caibidlí agus teideal ar leith ann do gach caibidil. Tá athrá ann sa teanga a chabhraíonn leis na páistí teacht isteach ar an teanga. Tá an scéal san aimsir chaite agus tá na tréithe eile ann a bhaineann leis an tseánra seo; poncaíocht, focail a bhaineann le ham, carachtair chinnte, tús/lár/deireadh soiléir.

### Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)
Caighdeán agus tréithe Chonamara. Tá an teanga ceart go leor do R4, roinnt athrá ar fhocail, agus frásaí/focail nua i gcló trom agus miniú i nGaeilge ag bun an leathanaigh. Tháinig muid ar bhotún agus is ceann de na focail aibhsithe a bhí ann.

### Léaráidí (cur síos)
Léaráidí dubha agus bána gach cúpla leathanach. Cuireann siad go mór leis an scéal agus thaitin siad go mór leis na páistí!

### Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Léadh sa rang é mar úrscéal ranga agus le rang iomlán. Léigh na páistí arís é mar obair bhaile. Rinne muid plé ar an teanga.

### Barúil na bpáistí
Thaitin sé leo. Bhí an scéal greannmhar agus is scéal nua a bhí ann do na páistí.

### Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Den chuid is mó, is léitheoirí maithe iad na páistí a léigh é. Chabhraigh an t-athrá agus an míniú ar fhocail nua ag bun an leathanaigh leis an tuiscint.

### Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
> *Bhí sé ina shuí ar chathaoir taobh amuigh d'oifig an mhúinteora ag fanacht go nglaofadh an múinteoir orthu.*

### Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Tá athrá ann ar fhocail agus ar fhrásaí, rud a chabhraíonn go mór. Tá gluais/míniú ar fhocail nua ag bun an leathanaigh, mar sin, ní gá dul go cúl an leabhair. Ach tá focail eile ann nach bhfuil mínithe agus is gá iad sin a chuardach.

### Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/mí-oiriúnach don rang seo?
Is féidir díriú ar na briathra agus ar na haimsirí éagsúla, an aidiacht shealbhach, an tuiseal ginideach simplí i bhfrásaí. Iarr ar na páistí samplaí a aimsiú sa leabhar agus teacht ar phatrúin iad féin.

### Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
Bhí stíl an leabhair seo go maith, greannmhar agus amaideach, thaitin sé leis na páistí.

- Is féidir obair ealaíne/drámaíochta a dhéanamh ar chodanna den leabhar.
- Is féidir tuar/tátal a dhéanamh ag an tús. Cad a tharlóidh? An bhfuil fianaise ann?
- Is féidir amharcléiriú a dhéanamh le tacú le tuiscint.
- Is féidir iarraidh ar na páistí a scéal féin a scríobh faoi ainmhí ba mhaith leosan a dhéanamh díobh féin.
- Is féidir iarraidh ar na páistí próifílí carachtair a dhéanamh agus sceitsí le lipéid.
- Is féidir díriú ar an bplota, léarscáil den phlota.

**TEIDEAL** An Mac Tíre Deireanach

**ÚDAR** Patricia Forde

**FOILSITHEOIR** Futa Fata

**SEÁNRA** Ficsean/Insint




**MOLTA DO RANG**
Deireadh R3 (D) / R5 (T)
Tús R4 (D) / R6 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Suite in Éirinn 1652, in amsir Chromail. Tá Cromail ag iarraidh deireadh a chur le gach mac tíre sa tír agus tá Úna, an príomhcharachtar, ag iarraidh iad a chosaint agus a shábháil.

| | |
|---|---|
| **Líon leathanach** | 68 |
| **Líon focal ar gach leathanach (ar an meán)** | 160 |
| **Líon línte téacs ar gach leathanach** | 20 |
| **Líon focal in abairt fhada shamplach** | 30 |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh)** | 90% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais in ann a léamh (go garbh)** | 65-70% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh)** | 40-50% |

## Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Is úrscéal ficsin é seo. Tá 11 chaibidil ann agus tá siad gearr agus oiriúnach don aoisghrúpa seo. Tá gluais ann, focail i gcló trom sa téacs agus míniú i nGaeilge ag bun an leathanaigh féin, rud a chabhraíonn go mór le tuiscint.

## Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)
Caighdeán

## Léaráidí (cur síos)
Léaráidí dubha agus bána, leathanach iomlán, cúig léaráid sa leabhar ar fad. Measadh go gcabhródh níos mó léaráidí le tuiscint agus le plé.

## Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Baineadh triail as ar bhealaí difriúla. In R3 léigh an múinteoir é don rang, rinneadh plé ina dhiaidh. In R4 léigh gach páiste é go ciúin agus rinneadh plé agus iniúchadh ar theanga, ar fhoclóir, ar ghramadach i ngrúpaí.

## Barúil na bpáistí
Bhain an dá rang an-taitneamh as an leabhar seo. Measadh ar dtús go mbeadh an téama dúshlánach do R3, bás an mháthar agus an t-athair in ísle brí. Tá an teanga oiriúnach dóibh agus thug se léargas ar dhúshláin na gcarachtar.

## Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Bhí tuiscint ghinearálta acu. Chuidigh sé go raibh siad eolach ar an tréimhse agus gur tháinig an t-údar ar cuairt. Tugadh míniú ar an scéal roimh thosú, rud a chuir le réamheolas. Ní raibh stró ar R4 (R6) é a léamh go neamhspleách, tugadh tacaíocht do R3 (R5).


## Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
Tá cuid de na habairtí fada agus clásail iontu, ach is féidir iad a bhriseadh síos don tuiscint, m.sh.

> *Ansin tháinig glór na madraí agus iad ag ullfartach, iad ar cipíní, agus shamhlaigh Úna iad sa tóir ar an mac tíre.*

## Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Níl mórán tacaíochta sna léaráidí. Tá focail/frásaí sa ghluais, suas le 3 ar gach leathanach. Tá an míniú i nGaeilge, agus in amanna casta go leor ach furasta teacht orthu ag bun an leathanaigh. Is féidir cuid de na focail dhúshlanacha a thuar i gcomhthéacs na habairte. Is féidir eolas ar fhónaic / mhoirféimí a úsáid le focail a bhriseadh ina bhfuaimeanna / gcodanna lena léamh agus a thuiscint.

## Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/mí-oiriúnach don rang seo?
Tá na briathra sa téacs san aimsir chaite. Is féidir díriú ar ghnéithe gramadaí eile amhail séimhiú, urú, iolraí, ainmfhocail. Is féidir aird a dhíriú ar na clásail leis na habairtí fada a léamh agus a thuiscint. Is féidir focail a chuardach a léiríonn patrúin litrithe ar leith.

## Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Is féidir nasc a dhéanamh leis an tréimhse seo sa stair.
- Más féidir, tabhair cuireadh don údar teacht isteach le labhairt leis na páistí.
- Is féidir iarraidh ar na páistí tuar a dhéanamh i ndiaidh gach caibidle.
- Is féidir cur leis an tuiscint le ceisteanna ard-oird.
- Is féidir an leabhar seo a thabhairt do ghrúpa sa rang ag leibhéal neamhspleách agus leabhair eile oiriúnacha do ghrúpaí eile.
- Má léitear an leabhar le R3 (R5) mar úrscéal ranga is féidir é a thabhairt do ghrúpa (níos laige) in R4 (R6) le hathléamh go neamhspleách.




**TEIDEAL** Pádraigín Phléascach, Raic agus Ribíní

**FOILSITHEOIR** An Gúm

**SEÁNRA** Insint

**ÚDAR** Emily Gale, Leagan Gaeilge le Foras na Gaeilge

**MOLTA DO RANG**
Lár R4 (D) / R6 (T)
Tús R6 (D) / R7 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Tá an leabhar seo faoi chailín óg a mheasann gur eolaí agus spiaire maith í. Tá sí ag iarraidh a bheith ina heolaí ar nós a daide. Tá madra aici atá mar chúntóir aici darb ainm Einstein, ach níl mórán cairde aici. Caitheann sí go leor ama léi féin. Níl sí an-tógtha lena leasmháthair Nábla, agus airíonn tú go bhfuil Pádraigín ar an imeall sa bhaile agus ar scoil. Tá sé scríofa i stíl pheannaireachta agus leagtha amach mar dhialann.

| | |
|---|---|
| **Líon leathanach** | 132 |
| **Líon focal ar gach leathanach (ar an meán)** | 60 |
| **Líon línte téacs ar gach leathanach** | 12 |
| **Líon focal in abairt fhada shamplach** | 16 |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh)** | 90% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamhspleáchais in ann a léamh (go garbh)** | 75% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh)** | 60% |

## Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Tá gluais, fotheidil, lipéid, bolgáin chainte agus focail i gcló trom agus ceannlitreacha don bhéim ann. Tá an leabhar leagtha amach mar dhialann. Cabhraíonn na fotheidil i dtaobh na tuisceana agus le machnamh a dhéanamh ar an méid atá léite.

## Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)
Is leabhar é seo atá aistrithe go Gaeilge. Tá an Ghaeilge caighdeánach go maith, le roinnt frásaí i gcanúint na Mumhan (N'fheadar). Tá Gaeilge álainn shaibhir sa leabhar ar fad le nathanna cainte agus seanfhocail fite fuaite tríd an scéal ar fad. Níl an Ghaeilge éasca ná simplí ar chor ar bith. Bheadh sé dúshlanach go maith do Rang 3, cé go bhfuil na pictiúir tarraingteach agus gur thaitin an scéal leo.

## Léaráidí (cur síos)
Tá léaráidí dubha agus bána ar gach leathanach. Cabhraíonn siad leis an tuiscint, go háirithe leis na rudaí a bhíonn ar bun ag Pádraigín ina saotharlann.

## Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Tá an leabhar seo go maith don léitheoireacht ghrúpa (faoi threoir) nó don léitheoireacht neamhspleách, má tá sé ag an leibhéal ceart do na léitheoirí. Tá sé maith do chleachtadh na líofachta agus focail a bhfuil béim orthu agus bolgáin chainte ann. Is féidir leis na páistí an phrosóid a léiriú agus guthanna a dhéanamh do na carachtair.

## Barúil na bpáistí
Thaitin an leabhar seo leo. Bhí siad an-tógtha leis an scéal. Chonaic duine acu go raibh uimhir 1 scríofa ar chlúdach an leabhair, agus bhí an-suim acu tuilleadh scéalta faoi Phádraigín Phléascach a léamh. Is leabhar ficsin é atá barrúil agus spraíúil.

## Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Tá ceithre rang sa seomra agam, R3-R6. Thaitin an scéal go mór leo ar fad. Bhí R6 agus R5 ar a gcompord leis. Bhí sé dúshlánach do R3 agus R4, seachas do na páistí a bhfuil ardchaighdeán léitheoireachta bainte amach acu. Bhí sé deacair orthu roinnt ceisteanna a fhreagairt ach bhí tuiscint ghinearálta acu. Bhí cuid de na nathanna agus focail deacair. Tá sé dúshlánach do pháistí nach bhfuil léitheoireacht líofa acu.

## Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
> *Labhair an scáil de ghuth íseal domhain, mar a bheadh róbat a mbeadh na cadhnraí nach mór ídithe ann agus na rollóirí ultraithéite gruaige do Bhandéithe na hAoise Seo.*

## Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Tá gluais ar chúl an leabhair in ord aibítre. Tá focail na gluaise sa téacs aibhsithe i gcló trom. Ach tá focail eile i gcló trom le béim a chur orthu nach bhfuil sa ghluais agus tá go leor focal nach bhfuil ag na páistí nach bhfuil sa ghluais. Tá míniú ar na focail sa ghluais i nGaeilge ar dtús agus ansin i mBéarla. Bhí orainn neart focal a chuardach san fhoclóir chomh maith: *fabht, treascairt, gliúcaíocht, balscóidí, taibhreamh, téaltú*.
Bhí go leor comhfhocal nó focail fhada ann a bhí dúshlánach le léamh freisin: *tréaniarracht, ultraithéite, tromchúiseach, peirisciobaire, dianmhachnacmh* srl. Is féidir iad seo a bhriseadh ina siollaí (moirféimí) agus díriú ar réimíreanna agus ar chomhfhocail..

## Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/mí-oiriúnach don rang seo?
Tá féidearthachtaí ann leis an aimsir chaite sa seánra seo. Is féidir díriú ar na réimíreanna, iarmhíreanna agus comhfhocail.

## Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Is féidir an leabhar seo a úsáid le díriú ar na straitéisí tuisceana. Tá go leor deiseanna ann chun na scileanna sin a chleachtadh, achoimre, tuar agus tátal a dhéanamh, naisc a dhéanamh le téacs eile/lena saol féin.
- Is féidir díriú ar na nathanna agus ar na seanfhocail: Aoibhinn beatha an ceapadóra, chomh maol le tóin plata, thar mholadh beirte, in ard a cinn is a gutha, thit an lug ar an lag, is gaire cabhair Dé ná an doras, ar ais ar a seanléim.
- D'fhéadfadh múinteoirí póstaer nó obair ríomhaire a dhéanamh leis na páistí nuair a roghnódh siad ceann de na nathanna seo agus ansin d'fhéadfadh siad iad a chur in abairtí le pictiúir.

**TEIDEAL** Mistéir an Mary Celeste




**ÚDAR** Carol Krueger
Leagan Gaeilge
leis an Áisaonad

**FOILSITHEOIR** An tÁisaonad

**SEÁNRA** Athinsint (Neamhfhicsean)

**MOLTA DO RANG**
Lár R4 (D) / Lár R6 (T)
Lár R5 (D) / R7 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Pléann an leabhar seo le fíorimeacht a tharla in 1872 nuair a thángthas ar bhád tréigthe agus gan tasc ná tuairisc ar na paisinéirí ó shin. Tugann an leabhar cúpla míniú ar rudaí a d'fhéadfadh tarlú. Bunaithe ar an bhfianaise a thugtar, roghnaíonn na léitheoirí an rud a cheapann siad a tharla agus téann siad go dtí an áit sin sa leabhar leis an deireadh féideartha sin a léamh.

| | |
|---|---|
| Líon leathanach | 51 |
| Líon focal ar gach leathanach (ar an meán) | 200 |
| Líon línte téacs ar gach leathanach | 20 |
| Líon focal in abairt fhada shamplach | 22 |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh) | 90% |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamhspleáchais in ann a léamh (go garbh) | 80% |
| Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh) | 20% |

## Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs

Tá clár, caibidlí, innéacs, gluais, fotheidil agus roinnt boscaí téacs ann. Tá struchtúr soiléir ann agus é briste ina chaibidlí, fotheidil ar gach ceann acu, atá úsáideach chun struchtúr leabhair a theagasc. Tá fotheidil faoi chuid de na pictiúir.

## Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)

Tá sé i gcaighdeán Chúige Uladh agus tá sé scríofa san aimsir chaite. Thuig na daltaí é go maith agus bhí siad in ann an scéal a leanúint agus a phlé. Tá cuid den téarmaíocht casta go leor ach tá míniú ann sa ghluais.

## Léaráidí (cur síos)

Ar gach dara leathanach, cuid acu daite, cuid acu dubh agus bán. Cuidíonn na léaráidí le tuiscint, m.sh., mileoidean agus pictiúr ann. Bhí na páistí in ann an léarscáil a úsáid agus iad ag déanamh díospóireachta ar na teoiricí.

## Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo

Tá an leabhar seo go maith d'obair ghrúpa agus na páistí a rangú de réir na ndearcthaí atá acu ar an mistéir. Bheadh grúpa in ann cur leis an teoiric le níos mó taighde agus cás a ullmhú le cur roimh na grúpaí eile. Bheadh fianaise ón léitheoireacht tábhachtach, rud a spreagfadh athléamh agus léamh domhain. Bheadh léitheoirí cumasacha in ann léamh go neamhspleách ach bheadh tacaíocht de dhíth ar ghrúpaí eile.

## Barúil na bpáistí

Thaitin sé go mór leis na páistí. Is breá le páistí foghlaim faoi imeachtaí stairiúla. Thig leo tuilleadh taighde a dhéanamh ar an idirlíon / sa leabharlann srl. Bhí cúpla duine sa ghrúpa léitheoireachta nár léirigh suim ach sílim gur bhain sé le heaspa airde seachas an leabhar.

## Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí

Bhí tuiscint mhaith acu. Cé gur neamhfhicsean a bhí ann, bhí sé soiléir dóibh agus measartha furasta acu é a leanúint.

## Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta

> *Ar thaobh na loinge bhí túr ard uisce ag casadh leis san aer mar a bheadh dragan mire ann.*

## Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint

Tá gluais ann in ord aibítre. Níl sé briste síos de réir caibidlí agus tá na focail atá sa ghluais aibhsithe sa téacs féin i gcló iodálach. Tá na mínithe i nGaeilge agus tá siad casta.


Tá roinnt comhfhocal ann agus focail ar féidir iad a bhriseadh síos, m.sh. céadoifigeach, leas-chéadoifigeach, ollphéist.

## Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/mí-oiriúnach don rang seo?

Tá neart samplaí de ghnéithe gramadaí ann a thacódh leis na páistí ina gcuid scríbhneoireachta. Is féidir díriú ar úsáid na mbriathra, comhréir na Gaeilge, an chopail, ainmfhocail fhirinscneacha/bhaininscneacha, srl. D'fhéadfaí na páistí a chur ar lorg samplaí agus patrún sa téacs.

## Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang

- Is féidir an Ghaeilge labhartha a spreagadh, mar go gcaithfidh na páistí dearcadh a chur chun cinn agus ansin é a chosaint le fianaise ón leabhar.
- Is féidir na páistí a spreagadh chun léamh ar aghaidh.
- De bharr go bhfuil an leabhar idirghníomhach, is féidir leis na páistí a bheith ina mbleachtairí le fáil amach cad é a tharla.
- Is féidir an leabhar seo a nascadh leis an tíreolaíocht (learscáileanna), leis an stair agus mórimeachtaí eile a tharla sa domhain sa tréimhse seo, leis an eolaíocht agus na cúiseanna a thabhairt mar aon leis an fianaise.




**TEIDEAL** Scéilíní Scanrúla

**ÚDAR** Gabriel Rosenstock

**FOILSITHEOIR** Éabhlóid

**SEÁNRA** Insint

**MOLTA DO RANG**
Tús R5 (D) / Tús R7 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Bunscéal faoi bhuachaill agus a dhaid. Tá a mhamaí tar éis imeacht le fiaclóir agus is léir go bhfuil an t-athair faoi ghruaim. Cuardaíonn an buachaill scéalta/eolas, b'fhéidir, le dul i bhfeidhm ar an athair; cearc gan ainm, cogaíocht frídíní, Meiriceá, leithris. Tá neart blúiríní eolais tríd, ar nós an chéad chárta Nollag, eolas ar chiorcail agus ar an siombalachas a bhaineann leo. Tá cuid mhór eolais ann faoi chultúir eile, cúrsaí litríochta, ealaín, srl. Tá sé an-suimiúil agus bheadh neart plé ann agus spreagfadh sé eolas eile a chuardach.

**CÚPLA RABHADH**
Samhlaíonn sé cloigeann an fhiaclóra i gcuisneoir, scéal faoi bhabaí a chuirtear in oigheann agus a dhóitear, madra atá stróicthe as a chéile. Shílfeá go raibh cuid de na blúiríní eolais dírithe ar dhuine fásta.

| | |
|---|---|
| Líon leathanach | 100 |
| Líon focal ar gach leathanach (ar an meán) | 200 |
| Líon línte téacs ar gach leathanach | 21 |
| Líon focal in abairt fhada shamplach | 25 |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh) | 80% |
| Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais in ann a léamh (go garbh) | 70% |
| Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh) | 60% |

### Tréithe an tseánra/Struchtúr an téacs:
Tá 31 caibidil ann, sleachta gearra agus neart blúiríní eolais iontu. Tá clár ann ag an tús. Tá sé san aimsir láithreach, cosúil le hiontrálacha dialainne. Tá bosca téacs athráite ag deireadh gach caibidle le heolas faoin uimhir agus faoin túslitir a bhaineann leis an scéal agus nasc le píosa eile eolais. Tá sé furasta a léamh agus a leanúint mar struchtúr. Tá cuma an-tarraingteach air mar leabhar.

### Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)
Caighdeán.

### Léaráidí (cur síos)
Ar gach leathanach. Cuidíonn siad le tuiscint agus le samhlaíocht.

### Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Bhí sé deacair ag na páistí é a léamh go neamhspleách. Léadh é mar úrscéal iomlán ranga. Neart le plé agus le míniú.

### Barúil na bpáistí
Thaitin sé leis na páistí.

### Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Bhí tuiscint ghinearálta ag na páistí. Bhí an-tacaíocht de dhíth ar chuid acu. Bhí na páistí a bhfuil an Ghaeilge sa bhaile acu ábalta é a léamh gan stró ach dúshlánach dóibh siúd nach bhfuil Gaeilge sa bhaile acu agus neart tacaíochta de dhíth orthu sin.

### Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
> *Rith sé liom le déanaí go bhfuilim sách fásta suas anois chun cuid de na seanleabhair sin a léamh mé féin. Agus bhí coraintín i bhfeidhm ar an oileán ar feadh leathchéad bliain beagnach.*

### Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Tá athrá ann sna boscaí téacs ag deireadh gach caibidle agus cód túslitreach nó uimhreach ann. Bíonn an comhthéacs soiléir le buille faoi thuairim a thabhairt faoi na focail nua.

### Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/mí-oiriúnach don rang seo?
Tá briathra san aimsir láithreach ann. Tá deiseanna ann tréithe gramadaí a aimsiú agus patrúin a phlé.

### Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Is féidir é a léamh agus a phlé le sult a bhaint as.
- Is féidir é a léamh caibidil ar chaibidil agus gach caibidil a úsáid do cheacht gramadaí / eolas ar fhocail nó mar bhunús le tuilleadh eolais a chuardach.

**TEIDEAL** An Fhoraois Bháistí

**ÚDAR** Leagan Gaeilge
leis an Áisaonad

**FOILSITHEOIR** An tÁisaonad

**SEÁNRA** Neamhfhicsean/Tuairisc

**MOLTA DO RANG**
Deireadh R4 (D) / R6 (T)
Deireadh R5 (D) / R7 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Tá cur síos ann cad é an rud é foraois bháistí, na leibhéil atá ann, na daoine agus an caomhnú.



| | |
|---|---|
| **Líon leathanach** | 30 |
| **Líon focal ar gach leathanach (ar an meán)** | 150 |
| **Líon línte téacs ar gach leathanach** | Suas go 23, tá boscaí téacs ann |
| **Líon focal in abairt fhada shamplach** | 23, le fochlásail/ naisc |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh)** | 90% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamhspleáchais in ann a léamh (go garbh)** | 65% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh)** | N/A |

## Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs

Leabhar neamhfhicsin, tuairisc, atá leagtha amach go soiléir le caibidlí. Tá sé scríofa san aimsir láithreach. Tá gluais ann agus míniú i nGaeilge (atá casta in amanna). Tá na focail atá sa ghluais i gcló trom sa téacs. Tá clár, lipéid, fotheidil agus boscaí téacs ann. Níl innéacs ann.

## Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)

Caighdeán Uladh (m.sh. séimhiú i struchtúir 'ar an bhalla'). Tá an Ghaeilge casta go leor agus go leor téarmaíocht nua in úsáid.

## Léaráidí (cur síos)

Léaráidí daite ar gach dara leathanach. Grianghraif agus lipéid a thacaíonn le tuiscint.

## Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo

Téacs mar eiseamláir den scríbhneoireacht thuairisciúil le R4/5 (D) nó 6/7 (T). Oiriúnach don léitheoireacht neamhspleách le grúpa ábalta nó le díriú ar chodanna den téacs le grúpaí a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu nó don teagasc iomlán ranga.

## Barúil na bpáistí

Thaitin sé leis an gcuid is mó de na páistí, go háirithe na buachaillí.

## Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí

Bhí tuiscint mhaith ghinearálta acu. Oiriúnach dóibh sin a bhfuil ardscileanna léitheoireachta acu sna blianghrúpaí seo ach oiriúnach do léitheoirí eile le tacaíocht nó le píosaí den téacs.

## Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta

Tá an chomhréir soiléir do ranganna 6/7 (T), 4/5 (D). m.sh.

> *Tá ról ag gach planda agus ainmhí i ndráma na foraoise. Mar shampla, titeann na duilleoga ón chrann ar urlár na foraoise. Lobhann fungais agus uisce na duilleoga.*

## Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint

Tá cuid den fhoclóir nua sna pictiúir agus lipéid leo. Tá gluais ann agus na focail aibhsithe sa téacs, agus níl uimhreacha leathanach leo. Deiseanna le scileanna díchódaithe a chur i bhfeidhm agus focail a bhriseadh síos lena léamh. m.sh. *for-aois, creach-a-dóir, teir-mí-tí.*

## Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/ mí-oiriúnach don rang seo?

Tá na briathra sa téacs san aimsir láithreach. Samplaí ann d'ainmfhocail fhirinscneacha / bhaininscneacha, réimse de chineálacha iolraí.

## Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang

- Is féidir an leabhar a úsáid do thionscadal le taighde a dhéanamh ar an ábhar.
- Is féidir an leabhar a úsáid do theagasc na gramadaí le patrúin a aimsiú; an aimsir láithreach, iolraí, ainmfhocail, aidiachtaí.
- Is féidir an leabhar a úsáid le patrúin litrithe sa Ghaeilge a aimsiú, codanna coitianta i bhfocail (moirféimí).

**TEIDEAL** Art Abú




**ÚDAR** Leagan Gaeilge le Caitlín Nic Íomhair

**FOILSITHEOIR** Dalen Éireann

**SEÁNRA** Insint/Greannán

**MOLTA DO RANG**
Deireadh R4 / Deireadh R6 (T)
Deireadh R5 (D) / Deireadh R7 (T)

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Scéal faoi bhuachaill scoile a théann sa tóir ar thaisce sa scoil. Tá maoiniú na scoile gearrtha ag an gComairle Contae agus tá baol ann go ndúnfar an scoil. Aimsíonn Art an taisceadán de shaibhreas an tsaoil agus is féidir an scoil a choinneáil ar oscailt.

| | |
|---|---|
| **Líon leathanach** | 48 |
| **Líon focal ar gach leathanach (ar an meán)** | 140 |
| **Líon línte téacs ar gach leathanach** | Idir 10 agus 20 painéal ar leathanaigh |
| **Líon focal in abairt fhada shamplach** | Suas le 20 |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh)** | R5 (R7) 90%<br>R4 (R6) 91% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais in ann a léamh (go garbh)** | R5 (R7) 70%<br>R4 (R6) 83% |
| **Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh)** | R5 (R7) 50%<br>R4 (R6) 65% |

## Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs

Is greannán A4 é an leabhar seo. Tá bealach ar leith ann le greannán a léamh agus is gá é sin a mhíniú do na páistí ó thús. Tá suas le 20 painéal ar leathanaigh, suas le 26 bolgán cainte ar leathanaigh, cuid acu le focal nó dhó iontu agus cinn eile le suas le 25 focal iontu. Tá an cló an-bheag sna bolgáin, scríofa in *comic sans* agus litreacha beaga. Tá an téacs san aimsir láithreach. Dar le múinteoir amháin go raibh sé deacair díriú ar bholgán amháin agus do shúil ag léim ó cheann go ceann. Dar le múinteoir eile go raibh an scéal briste suas le léamh sna bolgáin chainte, rud a chabhraíonn leis na páistí, go háirithe iad sin a bhíonn ag streachailt leis an léitheoireacht. Tógann sé am dul i dtaithí ar an stíl. Maith le léamh le grúpa.

## Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó caighdeán)

Tá meascán de chanúintí ann ach Gaeilge Uladh den chuid is mó, m.sh. *a stócaigh, aidhe, raidht, chím, bomaite, chífidh, goitsigí.* Tá canúintí eile ann m.sh. Gaeilge na Mumhan, *i mbun caide, faic na ngrást,* agus Gaeilge Chonnachta, *mada, oró muise, a mhac go deo, a dhúnadh.* Tá sórt traslitriú ann ar fhocail Bhéarla, m.sh. *oicé, raidht.*

## Léaráidí (cur síos)

Léaráidí daite ar gach leathanach. Cabhraíonn na léaráidí leis an tuiscint. Tá na léaráidí greannmhar agus tarraingteach. Tá nasc idir na bolgáin chainte agus na pictiúir a thacaíonn go mór le tuiscint.

## Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo

Moladh go léifear go neamhspleách é agus go leor ama ag na páistí staidéar ceart a dhéanamh air. Molann múinteoir eile é a léamh le grúpaí agus go raibh sé ag brath ar ábaltacht na léitheoirí.

## Barúil na bpáistí

Níor thaitin sé leis an gcuid is mó de na daltaí i rang amháin. Bhí cuma mhaith air mar ghreannán ach dar leis na páistí go raibh an scéal féin rófhada agus leadránach. Ní raibh fonn orthu é a chríochnú. Thaitin sé le rang eile. Léigh siad ar aghaidh chun fáil amach cad a tharla idir Eoin agus a ghrá geal agus ar aimsigh Art an taisce. Ach shíl siad go raibh barraíocht painéal ann agus go raibh an téacs róbheag.

## Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí

Bhí tuiscint ghinearálta ag na páistí. I rang amháin bhí na léitheoirí maithe compordach leis ach bhí sé dúshlánach dóibh sin nach raibh chomh láidir céanna mar léitheoirí. Chuir an chanúint moill orthu agus níor thuig siad cuid den ghreann. I rang eile, bhí an chuid is mó de na focail á léamh acu agus d'oibrigh siad amach an bhrí le cabhair ó na léaráidí.

## Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta

> *Cad é mar is féidir linn imeacht nuair atá na geataí uile druidte? agus Nach bhfuil sé saoithiúil...oicé, a Eoin....Goitse! An bealach seo...Anois is ortsa atá an tseafóid a phleota!*

## Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint

Tá tacaíocht sna léaráidí le focail a thuiscint agus is féidir buille faoi thuairim a thabhairt. Cuidíonn focail a bhriseadh síos mar straitéis (ag díriú ar na codanna/moirféimí), m.sh. a *smug-a-cháin, scaoil-ig-í, beir-ig-í*. Níl móran athrá ann agus tá cuid den téacs casta.

## Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/ mí-oiriúnach don rang seo?

Tá an chuid is mó de na briathra san aimsir láithreach. Is féidir díriú ar phatrúin, na briathra rialta/mírialta. Tá an tuiseal gairmeach in úsáid, m.sh. *A Bhélchú, a Threasa*. Tá réimse leathan poncaíochta in úsáid. Tá samplaí ann d'iolraí éagsúla.

## Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang

- D'fhéadfadh an rang é a léamh mar Amharclann Léitheoirí agus páirteanna ag léitheoirí difriúla. Is féidir é a athléamh don chleachtadh líofachta.
- Is féidir ceacht a dhéanamh ar na briathra agus ceacht ar na canúintí bunaithe ar an leabhar.
- Is féidir díriú ar an traslitriú ón mBéarla, m.sh. *bróners, aidhe, raidht*. Chuirfeadh sé seo le tuiscint ar fhuaimeanna na Gaeilge.
- Is féidir díriú ar na carachtair, próifílí carachtar a dhéanamh le léaráidí agus le lipéid.
- D'fhéadfadh na páistí scéalta a athrú le deirí nua, painéil eile a dhéanamh.
- D'fhéadfadh na páistí carachtair nua a chur leis an scéal.

**TEIDEAL** Asterix, Mar a Thit Obelix Isteach san Éilicsir agus é Óg




**SEÁNRA** Ficsean

**ÚDAR** Goscinny,
An leagan Gaeilge le
Dalen Éireann

**FOILSITHEOIR** Dalen Éireann

**MOLTA DO RANG**
Tús R6 (D) go Lár 6 (D) / R7 (T) / Iar-bhunscoil

**ÁBHAR AN LEABHAIR (ACHOIMRE)**
Is aistriúchán é seo ar an leagan Béarla. Tá Asterix agus Obelix ag déanamh iarrachta an domhan a shábháil agus iad ag taisteal timpeall an domhain. Tá an greann agus na geáitsí ann arís sa leagan seo agus aithneoidh léitheoirí Asterix na carachtair agus na suíomhanna ó na leabhair eile sa tsraith (agus sna leabhair Bhéarla). Ní greannán é an leagan seo, tá sé scríofa mar scéal le téacs ar leathanach amháin agus léaráid mhór ar leathanach iomlán.

| | |
|---|---|
| **Líon leathanach** | 26 (níl uimhreacha leathanach ann) |
| **Líon focal ar gach leathanach (ar an meán)** | 184 |
| **Líon línte téacs ar gach leathanach** | 23 |
| **Líon focal in abairt fhada shamplach** | 25 |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí neamhspleácha in ann a léamh (go garbh)** | 75 |
| **Céatadán focal a bhí léitheoirí i dtreo an neamh-spleáchais in ann a léamh (go garbh)** | 60 |
| **Céatadán focal a bhí léitheoir a bhfuil tacaíocht de dhíth in ann a léamh (go garbh)** | 40 |

## Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs
Bíonn an-suim ag na páistí sa tseánra seo go háirithe scéalta le greann nó greannáin. Bhí leagan amach deacair ar an leabhar, téacs an-bheag i lár an leathanaigh agus cé go bhfuil go leor ag tarlú sna pictiúir ní raibh siad i gcónaí ag teacht leis an téacs.

## Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó Caighdeán Oifigiúil)
Tá sé caighdeánach go leor ach bhí cuid mhaith deacrachtaí ag R5 agus R6 leis go háirithe ó thaobh foclóra de.

## Léaráidí (cur síos)
Ar gach leathanach. Dúirt na páistí gur chabhraigh na léaraidí lena dtuiscint ach go raibh go leor nach raibh sna pictiúir agus shíl siad go raibh siad beagáinín seanfhaiseanta.

## Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo
Léadh le grúpa ardléitheoirí é. Bhí tacaíocht de dhíth orthu.

## Barúil na bpáistí
Níor thaitin sé leo. Faraor dúirt an chuid is mó de na páistí nach mbeadh suim acu é a léamh. De réir vótaí a rinneadh fuair an leabhar seo 4/10. Mholfainn an leabhar seo mar léitheoireacht neamhspleách dóibh sin a mbeadh spéis acu ann, páistí, b'fhéidir, a bhfuil suim acu sa stair. Dúirt na páistí gurbh fhearr leo leabhar le níos mó pictiúr a bheith ar aon leathanach amháin agus go mbeadh an téacs briste síos.

## Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí
Bíonn eolas breise ag teastáil uathu uaireanta. Bhí comhthéacs an scéil seo saghas deacair dóibh. Bhí sé deacair orthu roinnt ceisteanna faoin leabhar a fhreagairt ach bhí tuiscint ghinearálta acu.

## Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta
> *Théadh ár n-aithreacha chun catha ansin agus cár go cluasa orthu ár dtaoiseach óg Taoisix á leanúint acu.*

## Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint
Tá foclóirín ar chúl an leabhair in ord aibítre agus na mínithe i mBéarla. Tá focail ann atá cumtha, b'fhéidir, agus nach mbeadh tuiscint againn orthu. Bhí imeartas focal ann le hainmneacha, ach bhí siad an-chasta dóibh. Bhí sé deacair nasc a dhéanamh idir na focail san fhoclóirín agus san áit a bhfuil siad sa téacs. Tá go leor focal eile nár tuigeadh agus nach bhfuil san fhoclóirín. Is féidir iarraidh ar pháistí focail a aimsiú agus gluais a dhéanamh iad féin.

## Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/mí-oiriúnach don rang seo?
Tá féidearthachtaí ann díriú ar go leor stuchtúir ghramadaí, aimsirí, nathanna, séimhiú, urú, ginideach, copail.

## Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang
- Is féidir sleachta a dhéanamh ceann ar cheann agus díriú orthu ó thaobh na tuisceana de, réamheolas, achoimre, ceistiú a dhéanamh roimh agus i rith na léitheoireachta.
- D'fhéadfaí é a léamh go domhain, a athléamh agus spriocanna difriúla ar intinn, fónaic, gramadach, foclóir, litriú. Bheadh grúpaí in ann bheith ag comhoibriú ar thascanna idirghníomhacha agus tacú lena chéile.
- Is féidir nasc a dhéanamh leis an stair agus leis an tréimhse seo.
- Is féidir nasc a dhéanamh leis an tíreolaíocht agus léarscáil a dhéanamh den turas/suíomh ina bhfuil siad.
- Dírigh aird ar ainmneacha na gcarachtar agus ar an gciall atá leo.
- Foghlaim faoi na huimhreacha Rómhánacha.

**TEIDEAL**

**ÚDAR**

**SEÁNRA**

**ÁBHAR AN LEABHAIR**

**LÍON LEATHANACH**

**Tréithe an tseánra/Struchtúr téacs**

**Cur síos ar Ghaeilge an téacs (canúint nó Caighdeán Oifigiúil)**

**Léaráidí (cur síos)**

**Cur síos ar chur chuige na léitheoireachta a cuireadh i bhfeidhm leis an leabhar seo**

**Barúil na bpáistí**

**Cur síos ar thuiscint ghinearálta na bpáistí**

**Sampla d'abairt ón téacs a léiríonn struchtúr agus comhréir chasta**

**Féidearthachtaí le foclóir nua a léamh/thuiscint**

**Gnéithe gramadaí sa téacs atá oiriúnach/ mí-oiriúnach don rang seo?**

**Moltaí leis an leabhar seo a léamh agus a thuiscint go héifeachtach sa rang**

Tá an leabhrán seo dírithe ar mhúinteoirí bunscoile sna meán/ardranganna i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna agus treoir ann ar an dóigh le leabhair chuí a roghnú do rang/grúpa/léitheoir ar leith agus do chomhthéacs ar leith. Tá eolas ann ar thréithe leabhar a dhéanann leabhar sultmhar, dúshlánach nó inléite do pháistí agus cur síos ar chur chuige na léitheoireachta agus moltaí le leabhar a léamh agus a thuiscint sa seomra ranga. Bainigí taitneamh agus tairbhe as!

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí
Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú

Fóram Feasa
Múinteoirí ag tacú le múinteoirí eile